Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B **DIRECTIVE 2003/87/EC OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL**

of 13 October 2003

establishing a ►M9 córas ◄ for greenhouse gas emission allowance trading within the ►M9 Aontas ◄ and amending Council Directive 96/61/EC

(Text with EEA relevance)

(IO L 275, 25.10.2003, lch. 32)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Directive 2004/101/EC of the European Parliament and of the Council of 27 October 2004 (*)	L 338	18	13.11.2004
►M2	Directive 2008/101/EC of the European Parliament and of the Council of 19 November 2008 (*)	L 8	3	13.1.2009
►M3	Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009	L 87	109	31.3.2009
►M4	Directive 2009/29/EC of the European Parliament and of the Council of 23 April 2009 (*)	L 140	63	5.6.2009
►M5	Decision No 1359/2013/EU of the European Parliament and of the Council of 17 December 2013 (*)	L 343	1	19.12.2013
►M6	Rialachán (AE) Uimh. 421/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014	L 129	1	30.4.2014
►M7	Decision (EU) 2015/1814 of the European Parliament and of the Council of 6 October 2015 (*)	L 264	1	9.10.2015
►M8	Rialachán (AE) 2017/2392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017	L 350	7	29.12.2017
►M9	Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018	L 76	3	19.3.2018
►M10	Commission Delegated Decision (EU) 2020/1071 of 18 May 2020 (*)	L 234	16	21.7.2020
►M11	Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1416 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021	L 305	1	31.8.2021
►M12	Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023	L 19	1	20.1.2023
►M13	Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023	L 63	1	28.2.2023
►M14	Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023	L 130	115	16.5.2023

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

►**M15**	Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023	L 130	134	16.5.2023
►**M16**	Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024	L 795	1	29.2.2024

Arna leasú le:

►**A1**	Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach	L 112	21	24.4.2012

Arna ceartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 140, 14.5.2014, lch. 1 (421/2014)

►**C2** Ceartúchán, IO L 90154, 6.3.2024, lch. 1 (2024/795)

►**C3** Ceartúchán, IO L 90176, 22.3.2024, lch. 1 (2023/959)

►**C4** Ceartúchán, IO L 90008, 9.1.2026, lch. 1 (2023/959)

▼B

DIRECTIVE 2003/87/EC OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL

of 13 October 2003

establishing a ►M9 córas ◄ for greenhouse gas emission allowance trading within the ►M9 Aontas ◄ and amending Council Directive 96/61/EC

(Text with EEA relevance)

▼M2

CHAPTER I

GENERAL PROVISIONS

▼B

Article 1

Subject matter

This Directive establishes a ►M9 córas ◄ for greenhouse gas emission allowance trading within the ►M9 Aontas ◄ (hereinafter referred to as the '►M9 EU ETS ◄') in order to promote reductions of greenhouse gas emissions in a cost-effective and economically efficient manner.

▼M15

Foráiltear leis an Treoir seo freisin go méadófar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun cur leis na leibhéil laghduithe a mheastar a bheith riachtanach ó thaobh na heolaíochta de chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint. Rannchuidíonn sé le cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht agus a spriocanna aeráide a bhaint amach mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1) agus, ar an gcaoi sin, rannchuidíonn sé le cuspóirí Chomhaontú Pháras (2).

▼M4

This Directive also lays down provisions for assessing and implementing a stricter ►M9 Aontas ◄ reduction commitment exceeding 20 %, to be applied upon the approval by the ►M9 Aontas ◄ of an international agreement on climate change leading to greenhouse gas emission reductions exceeding those required in Article 9, as reflected in the 30 % commitment endorsed by the European Council of March 2007.

▼B

Article 2

Scope

▼M15

1. Beidh Feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus III, agus maidir leis na gáis cheaptha teasa a liostaítear in Iarscríbhinn II. I gcás, maidir le suiteáil atá

(1) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

(2) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

▼M15

cuimsithe faoi raon feidhme CTA AE de thoradh aonaid dócháin a oibriú lena ngabhann ionchur teirmeach rátáilte iomlán a sháraíonn 20 MW, go n-athraíonn sí a cuid próiseas táirgthe chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus nach sroicheann sí an tairseach sin a thuilleadh, tabharfaidh an Ballstát ina bhfuil an suiteáil sin rogha don oibreoir fanacht faoi raon feidhme EU ETS go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana reatha agus deireadh na chéad tréimhse 5 bliana eile ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, tar éis athrú a dhéanamh ar a próisis táirgthe. Féadfaidh oibreoir na suiteála sin a chinneadh go bhfuil an tsuiteáil le fanacht faoi raon feidhme CTA AE go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana reatha amháin nó go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin freisin, tar éis athrú a dhéanamh ar a próisis táirgthe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi athruithe i gcomparáid leis an liosta a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 11(1).

2. Beidh feidhm ag an Treoir seo gan dochar d’aon cheanglais de bhun Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

▼M2

3. The application of this Directive to the airport of Gibraltar is understood to be without prejudice to the respective legal positions of the Kingdom of Spain and the United Kingdom with regard to the dispute over sovereignty over the territory in which the airport is situated.

▼B

Article 3

Definitions

For the purposes of this Directive the following definitions shall apply:

(a) ‘allowance’ means an allowance to emit one tonne of carbon dioxide equivalent during a specified period, which shall be valid only for the purposes of meeting the requirements of this Directive and shall be transferable in accordance with the provisions of this Directive;

▼M15

(b) ciallaíonn “astaíochtaí” gáis cheaptha teasa a scaoileadh san atmaisféar ó fhoinsí i suiteáil nó a scaoileadh ó aerárthach ag gabháil do ghníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I nó ó longa atá ag gabháil do ghníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I de na gáis a shonraítear i leith na gníomhaíochta sin, nó ciallaíonn sé gáis cheaptha teasa lena gcomhfhreagraítear don ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a scaoileadh;

▼M4

(c) ‘greenhouse gases’ means the gases listed in Annex II and other gaseous constituents of the atmosphere, both natural and anthropogenic, that absorb and re-emit infrared radiation;

[1] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

▼M15

(d) ciallaíonn "cead astaíochtaí gás ceaptha teasa" an cead a eisítear i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 30b;

▼B

(e) 'installation' means a stationary technical unit where one or more activities listed in Annex I are carried out and any other directly associated activities which have a technical connection with the activities carried out on that site and which could have an effect on emissions and pollution;

(f) 'operator' means any person who operates or controls an installation or, where this is provided for in national legislation, to whom decisive economic power over the technical functioning of the installation has been delegated;

(g) 'person' means any natural or legal person;

▼M9

(h) ciallaíonn "iontrálaí nua" aon suiteáil a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil cead astaíochtaí gás ceaptha teasa faighte aici den chéad uair laistigh den tréimhse dar tús trí mhí roimh an dáta chun an liosta faoi Airteagal 11(1) a chur isteach, agus dar críoch trí mhí roimh an dáta chun an liosta ina dhiaidh sin faoin Airteagal sin a chur isteach;

▼B

(i) 'the public' means one or more persons and, in accordance with national legislation or practice, associations, organisations or groups of persons;

(j) 'tonne of carbon dioxide equivalent' means one metric tonne of carbon dioxide (CO_2) or an amount of any other greenhouse gas listed in Annex II with an equivalent global-warming potential;

▼M1

(k) 'Annex I Party' means a Party listed in Annex I to the United Nations Framework Convention on Climate Change (UNFCCC) that has ratified the Kyoto Protocol as specified in Article 1(7) of the Kyoto Protocol;

(l) 'project activity' means a project activity approved by one or more Annex I Parties in accordance with Article 6 or Article 12 of the Kyoto Protocol and the decisions adopted pursuant to the UNFCCC or the Kyoto Protocol;

(m) 'emission reduction unit' or 'ERU' means a unit issued pursuant to Article 6 of the Kyoto Protocol and the decisions adopted pursuant to the UNFCCC or the Kyoto Protocol;

(n) 'certified emission reduction' or 'CER' means a unit issued pursuant to Article 12 of the Kyoto Protocol and the decisions adopted pursuant to the UNFCCC or the Kyoto Protocol;

▼**M2**

(o) ‘aircraft operator’ means the person who operates an aircraft at the time it performs an aviation activity listed in Annex I or, where that person is not known or is not identified by the owner of the aircraft, the owner of the aircraft;

(p) ‘commercial air transport operator’ means an operator that, for remuneration, provides scheduled or non-scheduled air transport services to the public for the carriage of passengers, freight or mail;

(q) ‘administering Member State’ means the Member State responsible for administering the ►**M9** EU ETS ◄ in respect of an aircraft operator in accordance with Article 18a;

(r) ‘attributed aviation emissions’ means emissions from all flights falling within the aviation activities listed in Annex I which depart from an aerodrome situated in the territory of a Member State and those which arrive in such an aerodrome from a third country;

(s) ‘historical aviation emissions’ means the mean average of the annual emissions in the calendar years 2004, 2005 and 2006 from aircraft performing an aviation activity listed in Annex I;

▼**M4**

(t) ‘combustion’ means any oxidation of fuels, regardless of the way in which the heat, electrical or mechanical energy produced by this process is used, and any other directly associated activities, including waste gas scrubbing;

▼**M15**

____

▼**M14**

(v) ciallaíonn “éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2” na héifeachtaí ar an aeráid a bhíonn ag ocsaídí nítrigine (NOx), cáithníní súiche agus speicis sulfair ocsaídithe nuair a scaoiltear iad, le linn dóchán breosla, agus na héifeachtaí ó ghal uisce, lena n-áirítear conairí comhdhlúthaithe, ó aerárthach a rinne gníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I;

▼**M15**

(w) ciallaíonn “cuideachta loingseoireachta” an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir; agus ar an bhfreagracht sin a ghlacadh, a d’aontaigh dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1);

(1) Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 (IO L 64, 4.3.2006, lch. 1).

▼**M15**

(x) ciallaíonn "muiraistear" muiraistear mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (c), de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(y) ciallaíonn "údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta" an t-údarás atá freagrach as CTA AE a riar i leith cuideachta loingseoireachta i gcomhréir le hAirteagal 3gf;

(z) ciallaíonn "calafort cuarda" an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil, nó an calafort ina stopann long amach ón gcósta chun an criú a shaoradh; ina stopann long chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, uainíocht a dhéanamh ar chriú loinge nach long amach ón gcósta í, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long, ar a cuid trealaimh, nó orthu araon, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó a bhfuil gá leo i ngeall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, agus stopanna arna ndéanamh ag longa coimeádán i gcalafort trasloingsithe coimeádán comharsanachta a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3ga(2);

(aa) ciallaíonn "long chúrsála" long paisinéirí nach bhfuil deic lastais uirthi agus atá deartha go heisiach chun paisinéirí a iompar ar bhonn tráchtála i gcóiríocht thar oíche le linn muiraistir;

(ab) ciallaíonn "conradh le haghaidh difríochta" nó 'CD" conradh idir an Coimisiún agus táirgeoir táirge ísealcharbóin nó táirge saor ó charbón, arna roghnú trí shásra tairisceana iomaíoch amhail ceant, agus faoina soláthraítear tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht don táirgeoir lena gcumhdaítear an difríocht idir an praghas buaiteach, ar a dtugtar an praghas ceangail freisin, ar thaobh amháin, agus praghas tagartha a dhíorthaítear ó phraghas an táirge táirgthe ísealcharbóin nó saor ó charbón, praghas margaidh dlúththáirge ionaid, nó teaglaim den dá phraghas sin, ar an taobh eile;

(ac) ciallaíonn "conradh carbóin le haghaidh difríochta" nó 'CCD" conradh idir an Coimisiún agus táirgeoir táirge ísealcharbóin nó táirge saor ó charbón,arna roghnú trí shásra tairisceana iomaíoch amhail ceant, agus faoina soláthraítear tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht don táirgeoir lena gcumhdaítear an difríocht idir an praghas buaiteach, ar a dtugtar an praghas ceangail freisin, ar thaobh amháin, agus praghas tagartha a dhíorthaítear ó mheánphraghas na lamháltas, ar an taobh eile;

([1]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55);

▼M15

(ad) ciallaíonn "conradh préimhe seasta" conradh idir an Coimisiún agus táirgeoir táirge ísealcharbóin nó táirge saor ó charbón, arna roghnú trí shásra tairisceana iomaíoch amhail ceant, agus faoina soláthraítear tacaíocht don táirgeoir i bhfoirm méid sheasta in aghaidh an aonaid den táirge táirgthe;

(ae) chun críocha Chaibidil IVa, ciallaíonn "eintiteas rialáilte" aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, seachas tomhaltóir deiridh na mbreoslaí, a bhíonn ag gabháil den ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III agus a thagann faoi réim ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

(i) i gcás ina dtéann an breosla trí thrádstóras cánach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 11, de Threoir (AE) 2020/262 ([1]) ón gComhairle, an coimeádaí údaraithe trádstórais mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 1, den Treoir sin, atá faoi dhliteanas an dleacht mháil a íoc atá inmhuirearaithe de bhun Airteagal 7 den Treoir sin;

(ii) mura bhfuil pointe (i) den phointe seo infheidhme, aon duine eile atá faoi dhliteanas an dleacht mháil a íoc atá inmhuirearaithe de bhun Airteagal 7 de Threoir (AE) 2020/262 nó Airteagal 21(5), an chéad fhomhír, de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle ([2]) i leith na mbreoslaí a chumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir seo;

(iii) mura bhfuil pointí (i) agus (ii) den phointe seo infheidhme, aon duine eile atá le clárú ag údaráis inniúla ábhartha an Bhallstáit chun críche a bheith faoi dliteanas an dleacht mháil a íoc, lena n-áirítear aon duine atá díolmhaithe ón dleacht mháil a íoc, dá dtagraítear in Airteagal 21(5), an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/96/CE;

(iv) mura bhfuil pointí (i), (ii) agus (iii) infheidhme, nó i gcás ina mbeidh roinnt daoine i gcomhpháirt agus go leithleach faoi dhliteanas an dleacht mháil chéanna a íoc, aon duine eile arna ainmniú ag Ballstát;

(af) chun críocha Chaibidil IVa den Treoir seo, ciallaíonn "breosla" aon táirge fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2003/96/CE, lena n-áirítear breoslaí a liostaítear i dTábla A agus Tábla C d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, chomh maith le haon táirge eile arna bheartú lena úsáid, arna thairiscint le díol nó arna úsáid mar bhreosla mótair nó mar bhreosla téimh mar a shonraítear in Airteagal 2(3) den Treoir sin, lena n-áirítear táirgeadh leictreachais;

([1]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4.)

([2]) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).

▼M15

(ag) chun críocha Chaibidil IVa den Treoir seo, ciallaíonn "scaoileadh lena dtomhailt" scaoileadh lena dtomhailt mar a shainmhínítear in Airteagal 6(3) de Threoir (AE) 2020/262;

(ah) chun críocha Chaibidil IVa, ciallaíonn "praghas gáis TTF" praghas an chonartha mí chun tosaigh le haghaidh todhchaíochtaí gáis arna thrádáil ag Pointe Trádála Fíorúil na Saoráide Aistrithe Teidil (TTF), arna oibriú ag Gasunie Transport Services B.V.;

(ai) chun críocha Chaibidil IVa, ciallaíonn "praghas amhola Brent" praghas todhchaíochtaí mí chun tosaigh le haghaidh amhola, arna úsáid mar phraghas tagarmhairc do cheannach ola.

▼M2

CHAPTER II

▼M15

EITLÍOCHT AGUS MUIRIOMPAR

Airteagal 3a

Raon feidhme

Beidh feidhm ag Airteagail 3b go 3g maidir le leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil leis na gníomhaíochtaí eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I. Beidh feidhm ag Airteagail 3ga go 3gg i ndáil leis na gníomhaíochtaí muiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I.

▼M2

Article 3b

Aviation activities

By 2 August 2009, the Commission shall, in accordance with the ►M9 nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2) ◄, develop guidelines on the detailed interpretation of the aviation activities listed in Annex I.

Article 3c

Total quantity of allowances for aviation

1. For the period from 1 January 2012 to 31 December 2012, the total quantity of allowances to be allocated to aircraft operators shall be equivalent to 97 % of the historical aviation emissions.

▼M14

____

▼M2

3. The Commission shall review the total quantity of allowances to be allocated to aircraft operators in accordance with Article 30(4).

▼M8

3a. Maidir le haon leithdháileadh lamháltas le haghaidh gníomhaíochtaí eitlíochta chuig aeradróim atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("LEE"), nó as na haeradróim sin, tar éis an 31 Nollaig 2023, beidh siad faoi réir an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 28b.

▼M2

4. By 2 August 2009, the Commission shall decide on the historical aviation emissions, based on best available data, including estimates based on actual traffic information. That decision shall be considered within the Committee referred to in Article 23(1).

▼M14

5. Cinnfidh an Coimisiún cainníocht iomlán na lamháltas atá le leithdháileadh i ndáil le hoibreoirí aerárthaí don bhliain 2024 ar bhonn leithdháileadh iomlán na lamháltas i ndáil le hoibreoirí aerárthaí a rinne gníomhaíochtaí eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I sa bhliain 2023, arna laghdú de réir an fhachtóra laghdaithe línigh dá dtagraítear in Airteagal 9, agus foilseoidh sé an chainníocht sin, chomh maith le méid an lamháltais saor in aisce a bheadh i bhfeidhm in 2024 faoi na rialacha maidir le leithdháileadh saor in aisce a bhí i bhfeidhm roimh na leasuithe a tugadh isteach le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

6. Don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030, déanfar uasmhéid 20 milliún de chainníocht iomlán na lamháltas dá dtagraítear i mír 5 a chur i leataobh i leith oibreoirí aerárthaí tráchtála, ar bhonn trédhearcach, córa comhionainne agus neamh-idirdhealaitheach, chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, agus breoslaí eitlíochta eile nach ndíorthaítear ó bhreoslaí iontaise, arna sainaithint i rialachán maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe mar bhreoslaí a chuirtear san áireamh le haghaidh sciar íosta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a bhaint amach a cheanglaítear, faoin Rialachán sin, a bheith i mbreosla eitlíochta a chuireann soláthróirí breosla eitlíochta ar fáil d'oibreoirí aerárthaí in aerfoirt an Aontais, a úsáid le haghaidh eitiltí foshonacha nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Treoir seo. I gcás nach féidir breosla eitlíochta incháilithe a shannadh go fisiciúil in aerfort d'eitilt shonrach, beidh na lamháltais a chuirtear i leataobh faoin bhfomhír seo ar fáil do bhreoslaí eitlíochta incháilithe arna gcur ar bord ag an aerfort sin i gcomhréir leis na hastaíochtaí ó eitiltí an oibreora aerárthaí ón aerfort sin nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Treoir seo.

Leithdháilfidh na Ballstáit na lamháltais a chuirtear i leataobh faoin gcéad fhomhír den mhír seo chun cuid den difreálach praghsanna idir úsáid ceirisín iontaise agus úsáid na mbreoslaí eitlíochta incháilithe

([1]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115).

▼M14

ábhartha, nó an difreálach praghsanna uile sin, a chumhdach, agus dreasachtaí ó thaobh phraghas an charbóin de agus ó thaobh íosleibhéil chomhchuibhithe an chánachais ar bhreoslaí iontaise de á gcur san áireamh. Agus an difreálach praghsanna sin á ríomh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an tuarascáil theicniúil arna foilsiú ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh faoi rialachán maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an cistiú infheicthe faoin mír seo ar bhealach a chomhfhreagraíonn do na ceanglais atá in Airteagal 30m(1), pointí (a) agus (b), den Treoir seo.

Leis na lamháltais a leithdháiltear faoin mír seo, cumhdófar an méid seo a leanas:

(a) 70 % den difreálach praghsanna atá fágtha idir úsáid ceirisín iontaise agus hidrigine ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus bithbhreoslaí ardfhorbartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe (34), de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], a bhfuil fachtóir astaíochta nialasach acu faoi Iarscríbhinn IV nó faoin ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 den Treoir seo;

(b) 95 % den difreálach praghsanna atá fágtha idir úsáid ceirisín iontaise agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2018/2001, a úsáidtear san eitlíocht, a bhfuil fachtóir astaíochta nialasach acu faoi Iarscríbhinn IV nó faoin ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 den Treoir seo;

(c) 100 % den difreálach praghsanna atá fágtha idir úsáid ceirisín iontaise agus aon bhreosla eitlíochta incháilithe nach bhfuil díorthaithe ó bhreoslaí iontaise a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír den mhír seo, ag aerfoirt atá suite ar oileáin atá níos lú ná 10 000 km^2 agus nach bhfuil aon nasc bóthair nó iarnróid acu leis an mórthír, ag aerfoirt nach bhfuil sách mór chun iad a shainmhíniú mar aerfoirt de chuid an Aontais i gcomhréir le rialachán maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe agus ag aerfoirt atá lonnaithe i gceann de na réigiúin is forimeallaí;

(d) i gcásanna seachas na cinn dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c), 50 % den difreálach praghsanna atá fágtha idir úsáid ceirisín iontaise agus aon bhreosla eitlíochta incháilithe nach bhfuil díorthaithe ó bhreoslaí iontaise a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír den mhír seo.

I leithdháileadh na lamháltas faoin mír seo, féadfar tacaíocht a d'fhéadfaí a fháil ó scéimeanna eile ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh.

---

[1] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

▼M14

Ar bhonn bliantúil, féadfaidh oibreoirí aerárthaí tráchtála iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh lamháltas atá bunaithe ar chainníocht gach breosla eitlíochta incháilithe dá dtagraítear sa mhír seo a úsáidtear ar eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2030, cé is moite d'eitiltí a meastar an ceanglas sin a bheith comhlíonta ina leith de bhun Airteagal 28a(1). Más rud é, i mbliain áirithe, go bhfuil an t-éileamh ar lamháltais le haghaidh úsáid breoslaí den sórt sin níos airde ná na lamháltais atá ar fáil, laghdófar cainníocht na lamháltas ar bhealach aonfhoirmeach do na hoibreoirí aerárthaí uile a mbaineann leithdháileadh na bliana sin leo.

Foilseoidh an Coimisiún, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, na mionsonraí maidir leis an meándifríocht ó thaobh costais de idir ceirisín iontaise, agus aird á tabhairt ar dhreasachtaí ó thaobh phraghas an charbóin agus íosleibhéil chomhchuibhithe an chánachais ar bhreoslaí iontaise de, agus ar na breoslaí eitlíochta incháilithe ábhartha, ar bhonn bliantúil don bhliain roimhe sin.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le ríomh bliantúil na difríochta ó thaobh costais de dá dtagraítear sa séú fomhír den mhír seo, maidir le leithdháileadh na lamháltas le haghaidh úsáid na mbreoslaí a shainaithnítear sa chéad fhomhír den mhír seo agus maidir le ríomh na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa arna spáráil mar thoradh ar úsáid breoslaí mar a thuairiscítear faoin ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14(1), agus trí na socruithe a bhunú chun dreasachtaí ó thaobh phraghas an charbóin agus íosleibhéil chomhchuibhithe an chánachais ar bhreoslaí iontaise de a chur san áireamh.

Faoin 1 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht maidir le cur i bhfeidhm na míre seo agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachta sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthúil. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil chun méid lamháltas a leithdháileadh a mbeadh uasteorainn agus teorainn ama leo go dtí an 31 Nollaig 2034 chun úsáid na mbreoslaí a shainaithnítear sa chéad fhomhír den mhír seo a dhreasú tuilleadh, go háirithe úsáid na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2018/2001, ar breoslaí iad a úsáidtear san eitlíocht, agus a bhfuil fachtóir astaíochta nialasach acu faoi Iarscríbhinn IV nó faoin ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 14 den Treoir seo.

Ón 1 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm na míre seo sa tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear air a thíolacadh de bhun Airteagal 10(5).

7. I ndáil le heitiltí a imíonn ó aeradróm atá lonnaithe in LEE agus a thuirlingíonn in aeradróm atá lonnaithe in LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, agus nach raibh cumhdaithe ag EU ETS in 2023, méadófar cainníocht iomlán na lamháltas atá le leithdháileadh ar oibreoirí aerárthaí faoi leibhéil na leithdháiltí, lena n-áirítear leithdháileadh saor in aisce agus ceantáil, a dhéanfaí dá mbeidís cumhdaithe ag EU ETS sa bhliain sin, arna laghdú leis an bhfachtóir laghdaithe línigh dá dtagraítear in Airteagal 9.

▼M14

8. De mhaolú ar Airteagal 12(3), Airteagal 14(3) agus Airteagal 16, déanfaidh Ballstáit na ceanglais a leagtar amach sna forálacha sin atá le sásamh a mheas agus ní ghníomhóidh siad i gcoinne oibreoirí aerárthaí i ndáil le hastaíochtaí a scaoiltear go dtí an 31 Nollaig 2030 ó eitiltí idir aeradróm atá lonnaithe i gceann de na réigiúin is forimeallaí de Bhallstát agus aeradróm atá lonnaithe sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear aeradróm eile atá lonnaithe sa réigiún is forimeallaí céanna nó i réigiúin is forimeallaí eile den Bhallstát céanna.

▼M2

Article 3d

Method of allocation of allowances for aviation through auctioning

▼M14

1. Sna blianta 2024 agus 2025, déanfar 15 % de na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 3c(5) agus (7), mar aon le 25 % in 2024 agus 50 % in 2025, faoi seach, den 85 % atá fágtha de na lamháltais sin, a mbeadh leithdháileadh saor in aisce tarlaithe ina leith, a chur ar ceant, cé is moite de chainníochtaí na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 3c(6) agus Airteagal 10a(8), an ceathrú fomhír. Leithdháilfear an chuid de na lamháltais atá fágtha le haghaidh na mblianta sin saor in aisce.

Ón 1 Eanáir 2026, déanfar an chainníocht ar fad de na lamháltais a mbeadh leithdháileadh saor in aisce tarlaithe ina leith sa bhliain sin a chur ar ceant, cé is moite de chainníocht na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 3c(6) agus Airteagal 10a(8), an ceathrú fomhír.

1a. Leithdháilfear lamháltais a leithdháiltear saor in aisce ar oibreoirí aerárthaí go comhréireach lena sciar d’astaíochtaí fíoraithe ó ghníomhaíochtaí eitlíochta arna dtuairisciú le haghaidh 2023. Cuirfear san áireamh sa ríomh sin freisin astaíochtaí fíoraithe ó ghníomhaíochtaí eitlíochta arna dtuairisciú i ndáil le heitiltí nach gcumhdaítear le EU ETS ach ón 1 Eanáir 2024. Faoin 30 Meitheamh den bhliain ábhartha, eiseoidh na húdaráis inniúla na lamháltais a leithdháiltear saor in aisce don bhliain sin.

---

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann leis na socruithe mionsonraithe maidir le ceantáil lamháltas eitlíochta ag Ballstáit i gcomhréir le míreanna 1 agus 1a den Airteagal seo, lena n-áirítear na socruithe mionsonraithe don cheantáil ar gá leo chun sciar d’ioncam a aistriú ó cheantáil den sórt sin chuig buiséad ginearálta an Aontais mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311, an tríú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Maidir le cainníocht na lamháltas atá le cur ar ceant i ngach tréimhse ag gach Ballstát, beidh an líon sin i gcomhréir

▼M14

le sciar an Bhallstáit de na hastaíochtaí eitlíochta iomlána sannta le haghaidh na mBallstát go léir don bhliain tagartha arna dtuairisciú de bhun Airteagal 14(3) agus arna bhfíorú de bhun Airteagal 15. Maidir le gach tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13, is é a bheidh sa bhliain tagartha an bhliain féilire dar críoch 24 mhí roimh thús na tréimhse lena mbaineann an ceant. Áiritheofar, leis na gníomhartha tarmligthe, go n-urramaítear na prionsabail a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 10(4).

4. Cinnfidh Ballstáit an úsáid a bhainfear as ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas a chumhdaítear faoin gChaibidil seo, seachas le haghaidh an ioncaim a bhunaítear mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311, an tríú mír, CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad ginearálta an Aontais. Úsáidfidh na Ballstáit an t-ioncam a ghintear ó lamháltais a cheantáil nó a choibhéis i luach airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Treoir seo.

▼M2

5. Information provided to the Commission pursuant to this Directive does not free Member States from the notification obligation laid down in Article 88(3) of the Treaty.

▼M14

▼M15

Airteagal 3g

Pleananna faireacháin agus tuairiscithe

Áiritheoidh an Ballstát riaracháin go gcuirfidh gach oibreoir aerárthaigh plean faireacháin ina leagtar amach bearta chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus go bhformheasfaidh an t-údarás inniúil na pleananna sin i gcomhréir leis na hionstraimí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 14.

Airteagal 3ga

Raon feidhme an chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí muiriompair

1. Beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas tabhairt suas i leith gníomhaíochtaí muiriompair i leith caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort cuarda lasmuigh de dhlínse Ballstáit, caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit, agus céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa laistigh de chalafort cuarda faoi dhlínse Ballstáit.

▼M15

2. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2023, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta de na calafoirt thrasloingsithe coimeádán chomharsanacha a bhunú agus an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta faoin 31 Nollaig gach 2 bhliain ina dhiaidh sin.

Liostófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin calafort mar calafort trasloingsithe coimeádán comharsanachta ina bhfuil sciar an trasloingsithe de choimeádáin, arna thomhas in aonaid choibhéiseacha fiche troigh, níos mó ná 65 % de thrácht iomlán coimeádáin an chalafoirt sin le linn na tréimhse 12 mhí is déanaí a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil ina leith agus i gcás ina bhfuil an calafort sin lonnaithe lasmuigh den Aontas ach níos lú ná 300 muirmhíle ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit. Chun críocha na míre seo, measfar gur trasloingsíodh coimeádáin nuair a dhíluchtófar iad ó long go calafort chun iad a luchtú ar long eile agus chun na críche sin amháin. Ní áireofar ar an liosta arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun na chéad fhomhíre calafoirt atá lonnaithe i dtríú tír a gcuireann an tríú tír sin bearta atá coibhéiseach leis an Treoir seo i bhfeidhm go héifeachtach ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

3. Beidh feidhm ag Airteagail 9, 9a agus 10 maidir le gníomhaíochtaí muiriompair ar an gcaoi chéanna agus atá feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí eile a chumhdaítear le CTA AE ach amháin leis an eisceacht seo a leanas maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 10.

Go dtí an 31 Nollaig 2030, sannfar sciar lamháltas do Bhallstáit inarb ionann an cóimheas idir líon na gcuideachtaí loingseoireachta a bhí le bheith faoina bhfreagracht de bhun Airteagal 3gf agus a ndaonra faoi seach in 2020, bunaithe ar shonraí atá ar fáil don tréimhse ó 2018 go 2020, agus os cionn 15 chuideachta loingseoireachta in aghaidh an mhilliúin áitritheoir. Beidh cainníocht na lamháltas ag freagairt do 3,5 % de mhéid breise na lamháltas i ngeall ar an méadú ar an uasteorainn le haghaidh iompar muirí dá dtagraítear in Airteagal 9, an tríú mír sa bhliain ábhartha. Do na blianta 2024 agus 2025, déanfar cainníocht na lamháltas a iolrú freisin faoi na céatadáin is infheidhme maidir leis an mbliain ábhartha de bhun Airteagal 3gb, an chéad mhír, pointí (a) agus (b). Ba cheart an t-ioncam ó cheantáil sciar na lamháltas sin a úsáid chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 10(3), an chéad fhomhír, pointe (g), maidir leis an earnáil mhuirí, agus pointí (f) agus (i). Dáilfear 50 % de chainníocht na lamháltas i measc na mBallstát ábhartha bunaithe ar sciar na gcuideachtaí loingseoireachta faoina gcúram agus dáilfear an fuílleach orthu ina scaireanna comhionanna.

Airteagal 3gb

Céimniú isteach na gceanglas maidir le muiriompar

Beidh cuideachtaí loingseoireachta faoi dhliteanas lamháltais a thabhairt suas de réir an sceidil seo a leanas:

▼M15

(a) 40 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2024 a bheadh faoi réir na gceanglas tabhairt suas i gcomhréir le hAirteagal 12;

(b) 70 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2025 a bheadh faoi réir na gceanglas tabhairt suas i gcomhréir le hAirteagal 12;

(c) 100 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 12.

I gcás ina dtugtar suas níos lú lamháltas i gcomparáid leis na hastaíochtaí fíoraithe ón muiriompar le haghaidh 2024 agus 2025, nuair a bheidh an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe agus na lamháltais arna dtabhairt suas bunaithe i leith gach bliana, déanfar méid lamháltas a chomhfhreagraíonn don difríocht sin a chur ar ceal seachas a chur ar ceant de bhun Airteagal 10.

Airteagal 3gc

Forálacha maidir le costais CTA AE a aistriú ón gcuideachta loingseoireachta go heintiteas eile

Nuair a ghlacann eintiteas eile seachas an chuideachta loingseoireachta de bhun socrú conarthach an fhreagracht deiridh as breosla a cheannach nó as oibriú na loinge, nó as an dá cheann déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an chuideachta loingseoireachta i dteideal aisíocaíocht a fháil ón eintiteas sin as na costais a eascraíonn as lamháltais a thabhairt suas.

Ciallaíonn “oibriú na loinge” chun críocha an Airteagail seo an lastas atá á iompar nó an bealach agus luas na loinge a chinneadh. Is í an chuideachta loingseoireachta an t-eintiteas a bheidh freagrach i gcónaí as lamháltais a thabhairt suas mar a cheanglaítear faoi Airteagail 3gb agus 12 agus as comhlíonadh foriomlán fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na cuideachtaí loingseoireachta atá faoina gcúram na hoibleagáidí maidir le lamháltais a thabhairt suas faoi Airteagail 3gb agus 12, d’ainneoin teidlíocht na gcuideachtaí loingseoireachta sin aisíocaíocht a fháil ó na hoibreoirí tráchtála i leith an chostais a eascraíonn ón tabhairt suas.

Airteagal 3gd

Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó mhuiriompar

I leith astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, áiritheoidh an t-údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta go ndéanfaidh cuideachta loingseoireachta a thagann faoina fhreagracht faireachán agus tuairisciú ar na paraiméadair ábhartha le linn tréimhse tuairiscithe, agus go gcuirfidh sí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal na cuideachta faoi bhráid an údaráis riaracháin i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (AE) 2015/757.

▼**M15**

Airteagal 3ge

Rialacha maidir le fíorú agus creidiúnú a dhéanamh ar astaíochtaí ó mhuiriompar

An tuairisciú a dhéantar ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta loingseoireachta a chuireann cuideachta loingseoireachta isteach de bhun Airteagal 3gd den Treoir seo, áiritheoidh an t-údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta go ndéanfar an tuairisciú a fhíorú i gcomhréir leis na rialacha fíoraithe agus creidiúnaithe a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2015/757.

Airteagal 3gf

An t-údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta

1. Is éard a bheidh san údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta:

(a) i gcás cuideachta loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, an Ballstát ina bhfuil an chuideachta loingseoireachta cláraithe;

(b) i gcás cuideachta loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstát, an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn muiraistear ag an gcuideachta loingseoireachta sin sna 4 bliana faireacháin roimhe seo agus a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 3ga;

(c) i gcás cuideachta loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstáit agus nár thug faoi aon mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 3ga sna 4 bliana faireacháin roimhe sin, is é an Ballstát inar thosaigh long de chuid na cuideachta loingseoireachta a chéad mhuiraistear nó inar chríochnaigh an long sin a chéad mhuiraistear a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 3g a bheidh ina údarás riaracháin.

2. Bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr a bheidh ar fáil, bunóidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) roimh an 1 Feabhra 2024, liosta de na cuideachtaí loingseoireachta a thug faoi gníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháinig faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 3ga an 1 Eanáir 2024, nó le héifeacht ón dáta sin, agus sonrófar ann an t-údarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo;

(b) roimh an 1 Feabhra 2026 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, liosta nuashonraithe chun cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát a athshannadh d'údarás riaracháin eile i leith cuideachta loingseoireachta má d'athraigh siad an Ballstát clárúcháin laistigh den Aontas i gcomhréir le mír 1, pointe (a) den Airteagal seo, nó chun cuideachtaí loingseoireachta a rinne gníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháinig laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 3ga, i gcomhréir le mír 1, pointe (c), den Airteagal seo a chur san áireamh; agus

▼M15

(c) roimh an 1 Feabhra 2028 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, liosta nuashonraithe chun cuideachtaí loingseoireachta nach bhfuil cláraithe i mBallstát a athshannadh d'údarás riaracháin eile i leith cuideachta loingseoireachta i gcomhréir le mír 1, pointe (b), den Airteagal seo.

3. Maidir le húdarás riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta atá, de réir an liosta a bhunaítear de bhun mhír 2, freagrach as cuideachta loingseoireachta, coinneoidh sé an fhreagracht sin gan beann ar athruithe ina dhiaidh sin ar ghníomhaíochtaí nó ar chlárú na cuideachta loingseoireachta go dtí go léireofar na hathruithe sin i liosta nuashonraithe.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun riail mhionsonraithe a bhunú maidir le riarachán cuideachtaí loingseoireachta ag údaráis riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta faoin Treoir seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

Airteagal 3gg

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. I gcás ina nglacfaidh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) beart domhanda margadhbhunaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón muiriompar a laghdú, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir seo i bhfianaise an beart sin arna ghlacadh.

Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de 18 mí ón dáta a nglacfar an beart domhanda margadhbhunaithe sin agus sula mbeidh sé oibríochtúil. Sa tuarascáil sin, scrúdóidh an Coimisiún an bearta domhanda margadhbhunaithe i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) a uaillmhian i bhfianaise chuspóirí Chomhaontú Pháras;

(b) a shláine comhshaoil fhoriomlán, lena n-áirítear i gcomparáid le forálacha na Treorach seo lena gcumhdaítear iompar muirí, agus

(c) agus aon saincheist a bhaineann le comhleanúnachas CTA AE agus an beart sin.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur leis an tuarascáil dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo chun leasú a dhéanamh ar an Threoir seo ar bhealach atá comhsheasmhach le sprioc aeráide 2030 an Aontais agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 agus é mar aidhm sláine comhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais ar son na haeráide a chaomhnú, chun comhleanúnachas a áirithiú idir cur chun feidhme birt dhomhanda margadhbhunaithe agus CTA AE, agus aon ualach dúbailte suntasach á sheachaint.

▼M15

2. I gcás nach nglacfaidh IMO faoi 2028 beart domhanda margadhbhunaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a laghdú i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus ar laghad go leibhéal atá inchomparáide leis an leibhéal a thagann as bearta an Aontais a dhéantar faoin Treoir seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé scrúdú ar an ngá atá le leithdháileadh lamháltas agus ceanglais tabhairt suas a chur i bhfeidhm i leith níos mó ná caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir idir calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus calafort cuarda atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, i bhfianaise chuspóirí Chomhaontú Pháras. Sa tuarascáil sin, breithneoidh an Coimisiún, go háirithe, an dul chun cinn atá déanta ar leibhéal IMO agus scrúdóidh sé an bhfuil beart margadhbhunaithe atá coibhéiseach leis an Treoir seo ag aon tríú tír agus déanfaidh sé measúnú ar an riosca a bhaineann le méadú ar chleachtais seachantacha, lena n-áirítear trí aistriú go modhanna eile iompair nó aistriú moil chalafoirt chuig calafoirt lasmuigh den Aontas.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun an Treoir seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo maidir le muiriompar, go háirithe chun iompar imghabhála a bhrath chun cosc a chur ar iompar den sórt sin ag céim luath, lena n-áirítear trí aird a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí, agus tuairisceoidh sé go débhliantúil ón … [an bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] ar chur chun feidhme na Caibidle seo maidir le muiriompar agus ar threochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéid a bhaineann le cuideachtaí loingseoireachta atá ag iarraidh ceanglais na Treorach seo a sheachaint. Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar thionchair maidir le, *inter alia*, méaduithe féideartha ar chostais iompair, saobhadh margaidh agus athruithe ar thrácht calafoirt, amhail seachaint calafoirt agus aistrithe mol trasloingsithe, iomaíochas foriomlán na hearnála muirí sna Ballstáit, agus go háirithe na tionchair ar na seirbhísí loingseoireachta sin a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha leanúnachais críche. Más iomchuí, molfaidh an Coimisiún bearta chun cur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo maidir le muiriompar a áirithiú, go háirithe bearta chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí i ndáil le cuideachtaí loingseoireachta atá ag iarraidh ceanglais na Treorach seo a sheachaint.

4. Tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a iomchuí atá sé síneadh a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 3 ga(3), an dara fomhír, tar éis an 31 Nollaig 2030 agus, más iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chuige sin.

5. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdóidh sé an bhféadfaí astaíochtaí ó longa, lena n-áirítear longa amach ón gcósta, faoi bhun olltonnáiste 5 000 ach nach bhfuil faoi bhun olltonnáiste 400, a áireamh sa Treoir seo agus ar an tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta a bheadh ann dá ndéanfaí amhlaidh, á chur go háirithe leis an anailís a ghabhann leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2015/757 atá le bheith ann faoi 31 Nollaig 2024.

▼M15

Agus glaonna ar thograí nó imthairiscint iomaíoch faoin gCiste don Nuálaíocht á gceapadh agus á gcur chun feidhme nó á ceapadh agus á cur chun feidhme aige, breithneoidh an Coimisiún tionscadail straitéiseacha a aithnítear i gcomhréir le rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasaí na hEorpa a neartú, ar rudaí iad a meastar ina leith ►C2 go rannchuidíonn siad le cuspóirí STEP i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ◄ [2]. Breithneoidh na Ballstáit ar thacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ón gCiste Comhtháthaithe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] agus ón gCiste um Aistriú Cóir a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1056 a sholáthar do thionscadail ar a gcríoch i gcomhthéacs sásraí airgeadais arna bhforbairt faoin gCiste don Nuálaíocht, amhail an scéim "ceantanna mar sheirbhís".

▼M15

Cumhdófaí leis an gCiste don Nuálaíocht na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinní I agus III, chomh maith le táirgí agus próisis a úsáidtear in ionad cinn atá dian ó thaobh úsáid carbóin de a tháirgtear nó a úsáidtear in earnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite agus stórála fuinnimh agus gabháil agus úsáid carbóin (CCU) ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol, a chuideoidh go mór leis an athrú aeráide a mhaolú, go háirithe i gcás astaíochtaí próisis dho-sheachanta, agus chuideofaí le spreagadh a thabhairt chun tionscadail a thógáil agus a oibriú atá dírithe ar ghabháil, iompar agus stóráil (CCS) CO_2 go geolaíoch, go háirithe i gcás astaíochtaí próisis thionsclaíocha dho-sheachanta, agus gabháil dhíreach CO_2 ón atmaisféar le buanstóráil sábháilte agus

[1] Cinneadh 2010/670/AE ón gCoimisiún an 3 Samhain 2010 lena leagtar síos na critéir agus na bearta maidir le maoiniú tionscadal taispeántais tráchtála atá ceaptha CO_2 a ghabháil ar bhealach sábháilte ó thaobh an chomhshaoil agus a stóráil go geolaíoch chomh maith le tionscadail taispeántais de theicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite faoin scéim um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 290, 6.11.2010, lch. 39).

[2] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

[3] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L, 231, 30.6.2021, lch. 60).

▼**M15**

inbhuanaithe, in áiteanna atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de. Féadfaidh an Ciste don Nuálaíocht tacú freisin le teicneolaíochtaí nuálacha ceannródaíocha agus bonneagar nuálach ceannródaíoch, lena n-áirítear táirgeadh breoslaí ísealcharbóin agus saor ó charbón, chun na hearnálacha muirí, eitlíochta, iompar iarnróid agus iompar de bhóthar a dhícharbónú, lena n-áirítear cineálacha coiteanna iompair amhail iompar poiblí agus seirbhísí cóiste.

Maidir le heitlíocht, féadfaidh sí tacú freisin le leictriú agus le gníomhaíochtaí chun tionchair aeráide fhoriomlána na heitlíochta a laghdú.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar thionscadail in earnálacha a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2023/956 chun tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, CCU, CCS, fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a chuideoidh leis an athrú aeráide a mhaolú agus é d'aidhm leis sin, thar an tréimhse ó 2021 go 2030, sciar suntasach de choibhéis i luach airgeadais na lamháltas dá dtagraítear i mír 1a, an ceathrú fomhír, den Airteagal seo a bhronnadh ar thionscadail sna hearnálacha sin. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún glaonna ar thograí a sheoladh, roimh 2027, ar tograí iad a bheidh tiomnaithe do na hearnálacha a chumhdaítear faoin Rialachán sin.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith freisin ar thionscadail lena rannchuidítear leis an earnáil mhuirí a dhícharbónú agus áireoidh sé ábhair atá tiomnaithe don chríoch sin sna glaonna ar thograí faoin gCiste don Nuálaíocht, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear chun muiriompar a leictriú, agus chun aghaidh a thabhairt ar a tionchar iomlán ar an aeráid, lena n-áirítear astaíochtaí carbóin dhuibh. Leis na glaonna ar thograí den sórt sin, sna critéir a úsáidtear chun tionscadail a roghnú, tabharfar aird ar leith freisin ar an fhéidireacht atá ann maidir le cosaint na bithéagsúlachta a mhéadú agus truailliú torainn agus uisce ó thionscadail agus infheistíochtaí a laghdú.

Féadfaidh an Ciste don Nuálaíocht, i gcomhréir le mír 8a, tacú le tionscadail trí imthairiscint iomaíoch, amhail CDanna, CCDanna nó conarthaí préimhe seasta chun tacú le teicneolaíochtaí dícharbónaithe a bhféadfadh sé nach dreasacht leordhóthanach a bheadh sa phraghas carbóin ina leith.

Lorgóidh an Coimisiún sineirgí idir an Ciste don Nuálaíocht agus Fís Eorpach, go háirithe maidir le comhpháirtíochtaí Eorpacha, agus déanfaidh sé, i gcás inarb ábhartha, sineirgí a lorg idir an Ciste don Nuálaíocht agus cláir eile de chuid an Aontais.

Beidh tionscadail i gcríoch gach Ballstáit, lena n-áirítear tionscadail ar mhionscála agus tionscadail ar mheánscála, incháilithe, agus, maidir le gníomhaíochtaí muirí, beidh tionscadail ag a mbaineann breisluach soiléir don Aontas incháilithe. Teicneolaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht, beidh siad nuálach agus ní bheidh siad ar fáil ó thaobh tráchtála go fóill ar scála comhchosúil gan tacaíocht, ach beidh siad ina réitigh cheannródaíocha nó beidh siad aibí a ndóthain chun iad a chur i bhfeidhm ar scála réamhthráchtála.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na lamháltais atá dírithe ar an gCiste don Nuálaíocht ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na módúlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Treoir seo. Measfar

▼**M15**

na méideanna sin a bheith ina n-ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

Cuirfidh an Coimisiún, arna iarraidh sin air, cúnamh teicniúil ar fáil do na Ballstáit a mbíonn éifeacht íseal lena rannpháirtíocht i dtionscadail faoin gCiste Nuálaíochta chun cur le cumas an Bhallstáit iarrthaigh tacú le hiarrachtaí thionscnóirí na dtionscadal ar a gcríoch faoi seach iarratais a chur isteach ar chistiú ón gCiste don Nuálaíocht, d'fhonn rannpháirtíocht éifeachtach gheografach sa Chiste don Nuálaíocht a fheabhsú agus cáilíocht fhoriomlán na dtionscadal arna dtíolacadh a mhéadú. Déanfaidh an Coimisiún clúdach geografach éifeachtach atá bunaithe ar cháilíocht a shaothrú i ndáil le cistiú ón gCiste don Nuálaíocht ar fud an Aontais agus áiritheoidh sé go ndéanfar faireachán cuimsitheach ar an dul chun cinn agus go ndéanfar obair leantach iomchuí air ina leith sin.

Faoi réir chomhaontú na n-iarratasóirí, tar éis dheireadh an ghlao ar thograí, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi na hiarratais ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail ar a gcríoch faoi seach agus cuirfidh sé faisnéis mhionsonraithe ar fáil dóibh a bhaineann leis na hiarratais sin chun gur fusa do na Ballstáit tacaíocht do thionscadail a chomhordú. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi liosta na dtionscadal réamhroghnaithe roimh dhámhachtain na tacaíochta.

Roghnófar tionscadail trí nós imeachta roghnúcháin trédhearcach, ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de i gcomhréir le cuspóirí an Chiste don Nuálaíocht mar a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo agus ar bhonn critéir oibiachtúla agus thrédhearcacha, agus aird á tabhairt ar a mhéid a rannchuidíonn tionscadail go suntasach le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus, ag an am céanna, leis na cuspóirí nialasacha truaillithe agus ciorclaíochta i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, agus, i gcás inarb ábhartha, ar a mhéid a rannchuidíonn tionscadail le laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach go mór faoi bhun na dtagarmharcanna dá dtagraítear i mír 2. Beidh d'acmhainneacht ag tionscadail go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm go forleathan nó costais a laghdú i leith aistriú chuig geilleagair aeráidneodrach sna hearnálacha lena mbaineann. Tabharfar tosaíocht do theicneolaíochtaí nuálacha agus do phróisis lena dtugtar aghaidh ar thionchair iomadúla ar an gcomhshaol. Le tionscadail lena mbaineann CCU, léireofar glanlaghdú in astaíochtaí agus áiritheofar go ndéanfar CO_2 a sheachaint nó a stóráil go buan. I gcás deontais a chuirtear ar fáil trí ghlao ar thograí, féadfar tacú le suas le 60 % de chostais ábhartha na dtionscadal agus as a measc sin ní gá suas le 40 % a bheith ag brath ar sheachaint fhíoraithe astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar choinníoll go mbainfear amach garspriocanna réamhshocraithe, agus an teicneolaíocht atá in úsáid á cur san áireamh. I gcás tacaíocht a chuirtear ar fáil trí thairiscint iomaíoch agus i gcás tacaíocht cúnaimh teicniúil, féadfar tacú le suas le 100 % de chostais ábhartha na dtionscadal. Cuirfear san áireamh sna critéir a úsáidtear chun tionscadail a roghnú na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil trí thionscadail chomhcheangailte maidir le hastaíochtaí a laghdú i roinnt earnálacha, lena n-áirítear i limistéir in aice láimhe.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

▼M15

Tionscadail arna gcistiú ag an gCiste don Nuálaíocht, cuirfear de cheangal orthu eolas a chomhroinnt le tionscadail ábhartha eile agus le taighdeoirí atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil leas dlisteanach acu. Déanfaidh an Coimisiún téarmaí na comhroinnte eolais a shainiú i nglaonna ar thograí.

Beidh na glaonna ar thograí oscailte agus trédhearcach. Agus na glaonna ar thograí á n-ullmhú aige, féachfaidh an Coimisiún lena áirithiú go gcumhdófar gach earnáil go cuí. Déanfaidh an Coimisiún bearta chun a áirithiú go gcuirfear na glaonna in iúl ar bhealach chomh forleathan agus is féidir, agus go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht, lena n-áirítear an nós imeachta agus na critéir roghnúcháin, agus na hearnálacha incháilithe agus ceanglais teicneolaíocha le haghaidh na gcineálacha éagsúla tacaíochta.

Ní bhfaighidh aon tionscadal tacaíocht tríd an sásra faoin mír seo a sháróidh 15 % de líon iomlán na lamháltas a bheidh ar fáil chun na críche sin. Cuirfear na lamháltais sin san áireamh i mír 7.

Faoin 31 Nollaig 2023 agus gach bliain ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún don Choiste um Athrú Aeráide dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) den Treoir seo maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht, ina soláthrófar anailís ar thionscadail lena ndéantar cistiú a dhámhachtin, de réir earnála agus de réir Ballstáit, agus ar an rann-chuidiú a mheastar a dhéanfaidh na tionscadail sin i dtreo chuspóir na haeráidneodrachta san Aontas mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus déanfaidh sé an tuarascáil sin a phoibliú.

8a. Maidir le CDanna agus CCDanna arna ndámhachtain tar éis sásra um imthairiscint iomaíoch a thabhairt chun críche, soláthrófar cumhdach iomchuí tri ghealltanais bhuiséadacha a eascraíonn as fáltais ó cheantáil lamháltas atá ar fáil sa Chiste don Nuálaíocht agus féadfar na gealltanais bhuiséadacha sin a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta. I gcás an chéad dá bhabhta den sásra um imthairiscint iomaíoch, déanfar cumhdach an dliteanais airgeadais a bhaineann le CDanna agus CCDanna a áirithiú go hiomlán trí leithreasuithe a thagann as na fáltais a eascraíonn as ceantáil na lamháltas a leithdháiltear ar an gCiste don Nuálaíocht de bhun mhír 8.

Ar bhonn measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as cur chun feidhme CDanna agus CCDanna, a bheidh le déanamh tar éis an chéad dá bhabhta den sásra um imthairiscint iomaíoch a thabhairt chun críche agus gach uair is gá ina dhiaidh sin i gcomhréir le prionsabal na stua-machta, i gcas nach mbeidh rómheastachán ar shócmhainní agus ar bhrabúis le déanamh agus nach mbeidh gannmheas ar dhliteanais agus ar chaillteanais le déanamh, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an gcumhachtú san ochtú fomhír, a chinneadh gan ach cuid den dliteanas airgeadais a bhaineann le CDanna agus CCDanna trí na modhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus an chuid atá fágtha a chumhdach trí mhodh eile. Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún teorainn a chur le húsáid modhanna eile cumhdaigh.

▼M15

I gcás inarb é conclúid an mheasúnaithe go bhfuil gá le modhanna eile cumhdaigh chun acmhainneacht iomlán CDanna agus CCDanna a bhaint amach, féachfaidh an Coimisiún le meascán cothrom de mhodhanna eile cumhdaigh a bhaint amach. De mhaolú ar Airteagal 210(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, cinnfidh an Coimisiún méid na húsáide a bhaintear as modhanna eile cumhdaigh de bhun an ghnímh tharmligthe dá bhforáiltear san ochtú fomhír den mhír seo.

Déanfar an chuid eile den dliteanas airgeadais a chumhdach go leordhóthanach, ag féachaint do phrionsabail Theideal X de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, más gá, arna n-oiriúnú do shainiúlachtaí CDanna agus CCDanna, de mhaolú ar Airteagal 209(2), pointí (d) agus (h), Airteagal 210(1), Airteagal 211(1), (2), (4) agus (6), Airteagail 212, 213 agus 214, Airteagal 218(1) agus Airteagal 219(3) agus (6) den Rialachán sin. I gcás inarb infheidhme, bunófar modhanna eile cumhdaigh, an ráta soláthair agus na maoluithe is gá i ngníomh tarmligthe dá bhforáiltear san ochtú fomhír den mhír seo.

Ní úsáidfidh an Coimisiún níos mó ná 30 % de na fáltais ó cheantáil lamháltas arna leithdháileadh ar an gCiste don Nuálaíocht de bhun mhír 8 le haghaidh soláthar do CDanna agus do CCDanna.

Ní bheidh an ráta soláthair níos ísle ná 50 % den dliteanas airgeadais iomlán arna iompar ag buiséad an Aontais do CDanna agus do CCDanna. Nuair a bheidh an ráta soláthair a bhunú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na gnéithe a d'fhéadfadh na rioscaí airgeadais do bhuiséad an Aontais a laghdú, cé is moite de na leithreasuithe atá ar fáil sa Chiste don Nuálaíocht, amhail comhroinnt fhéideartha dliteanais leis na Ballstáit ar bhonn deonach, nó sásra athárachais ón earnáil phríobháideach a d'fhéadfadh a bheith ann. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an ráta soláthair gach trí bliana ar a laghad ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe a bhunaítear é den chéad uair.

D'fhonn iarratais amhantracha a sheachaint, féadfar rochtain ar thairiscint iomaíoch a bheith faoi réir íocaíocht taisce ag iarratasóirí, a bheidh le forghéilleadh i gcás nach gcomhlíonfar an conradh. Úsáidfear taiscí forghéillte den sórt sin le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht mar ioncam sannta seachtrach de bhun Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Aon ranníocaíocht a íocfaidh tairbhí leis an údarás deonúcháin i gcomhréir le téarmaí CD nó CCD i gcás ina bhfuil an praghas tagartha níos airde ná an praghas ceangail ("athshreabha"), úsáidfear í le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht mar ioncam sannta seachtrach de bhun Airteagal 21(5) den Rialachán sin.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 den Treoir seo chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun foráil a dhéanamh maidir le modhanna eile cumhdaigh agus eolas a thabhairt fúthu, más ann dóibh, agus, i gcás inarb infheidhme, an ráta soláthair agus na maoluithe breise is gá ar Theideal X de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 mar a leagtar amach sa cheathrú fomhír den mhír seo, agus ina theannta sin na rialacha maidir leis an sásra um thairiscint iomaíoch a oibriú, go háirithe i ndáil le taiscí agus athshreabha.

▼M15

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an cúigiú fomhír den mhír seo a leasú tríd an teorainn 30 % dá dtagraítear san fhomhír sin a ardú faoi mhéid nach mó ná 20 pointe céatadáin san iomlán i gcás inar gá chun freagairt d'éileamh ar CDanna agus ar CCDanna, agus na ceachtanna a foghlaimíodh sna céad bhabhtaí den sásra um imthairiscint iomaíoch á gcur san áireamh agus i bhfianaise an ghá atá ann cothromaíocht iomchuí a aimsiú sa tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht idir deontais agus conarthaí den sórt sin.

Beidh tacaíocht airgeadais ón gCiste don Nuálaíocht comhréireach leis na cuspóirí beartais a leagtar amach san Airteagal seo agus ní bheidh saobhadh míchuí ar an margadh inmheánach mar thoradh uirthi. Chuige sin, ní dheonófar tacaíocht ach amháin chun costais bhreise nó rioscaí infheistíochta a chumhdach nach féidir le hinfheisteoirí a íoc faoi ghnáthdhálaí margaidh.

8b. Déanfar 40 milliún lamháltas, ón méid a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce de bhun an Airteagail seo, agus 10 milliún lamháltas, ón méid a d'fhéadfaí a chur ar ceant de bhun Airteagal 10 den Treoir seo, a chur ar fáil don Chiste Aeráide Sóisialta arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1]. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na lamháltais atá ceaptha don Chiste Aeráide Sóisialta ar ceant in 2025 i gcomhréir le prionsabail agus módúlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Treoir seo agus leis an ngníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal sin. Beidh na hioncaim ón gceantáil sin ina n-ioncaim sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, agus úsáidfear é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta.

▼M9

9. Bhí olltáirgeacht intíre (OTI) *per capita* de réir margadhphraghsanna níos lú ná 60 % de mheán an Aontais ag an nGréig in 2014 agus féadfaidh sí, sula gcuirfear mír 7 den Airteagal seo i bhfeidhm, suas le 25 milliún lamháltas a éileamh ón méid uasta dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo nach leithdháiltear saor in aisce faoin 31 Nollaig 2020, chun suas le 60 % de dhícharbónú sholáthar leictreachais na n-oileán laistigh dá chríoch a chómhaoiniú. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10d(3) maidir le lamháltais den sórt sin. Féadfar lamháltais a éileamh más rud é, mar thoradh ar rochtain shrianta ar na margaí idirnáisiúnta fiachais, nárbh fhéidir tionscadal, a bhfuil sé mar aidhm aige soláthar leictreachais oileáin na Gréige a dhícharbónú, a chur i gcrích ar shlí eile agus más rud é go ndearbhaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) inmharthanacht airgeadais agus sochair shocheacnamaíocha an tionscadail.

---

[1] Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130 16.5.2003, lch. 1).

▼M4

11. Subject to Article 10b, the amount of allowances allocated free of charge under paragraphs 4 to 7 of this Article in 2013 shall be 80 % of the quantity determined in accordance with the measures referred to in paragraph 1. Thereafter the free allocation shall decrease each year by equal amounts resulting in 30 % free allocation in 2020 ►M9 ———— ◄.

▼M9

————

▼M15

19. Ní thabharfar aon leithdháileadh saor in aisce do shuiteáil a scoir de bheith ag oibriú. Suiteálacha a bhfuil an cead astaíochtaí gás ceaptha teasa dulta in éag ina leith nó ar tarraingíodh siar é ina leith agus suiteálacha nach bhfuil sé indéanta go teicniúil oibriú ná atosú na hoibríochta ina leith, measfar gur scoir siad d'oibríochtaí.

▼M9

20. Coigeartófar, de réir mar is iomchuí, leibhéal na saor-leithdháiltí a thabharfar do shuiteálacha a bhfuil méadú nó laghdú, mar a mheasúnaítear ar bhonn mheán rollach dhá bhliain, níos mó ná 15 % tagtha ar a gcuid oibríochtaí i gcomparáid leis an leibhéal a úsáideadh ar dtús chun an saor-leithdháileadh a chinneadh don tréimhse ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 11(1). Cuirfear coigeartuithe den sórt sin i gcrích le lamháltais ó mhéid na lamháltas a chuirtear ar leataobh i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo nó trí lamháltais a chur le méid na lamháltas sin.

21. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na coigeartuithe agus an tairseach dá dtagraítear i mír 20 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, neamh-idirdhealaitheach agus aonfhoirmeach, chun nach mbeidh aon ualach riaracháin míchuí ann agus chun cosc a chur ar chúbláil nó ar mhí-úsáid na gcoigeartuithe ar an leithdháileadh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena saineofar tuilleadh socruithe le haghaidh na gcoigeartuithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

▼M15

22. I gcás inar gá ceartúchán a chur i bhfeidhm ar na leithdháiltí saor in aisce arna ndeonú de bhun Airteagal 11(2), cuirfear ceartúcháin den sórt sin i gcrích le lamháltais ó mhéid na lamháltas a chuirtear ar leataobh i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo nó trí lamháltais a chur le méid na lamháltas sin.

▼M9

Airteagal 10b

Bearta idirthréimhseacha chun tacú le tionscail áirithe dianfhuinnimh i gcás sceitheadh carbóin a bheith ann

1. Earnálacha agus fo-earnálacha ar ina leith is mó ná 0,2 an toradh a fhaightear tar éis déine a gcuid trádála le tríú tíortha, arna sainmhíniú amhail an cóimheas idir luach iomlán na n-onnmhairithe chuig tríú tíortha móide luach na n-allmhairí ó thríú tíortha agus méid iomlán an mhargaidh sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an láimhdeachas bliantúil móide iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha), a iolrú faoi dhéine a gcuid astaíochtaí, arna dtomhas in $kgCO_2$, arna roinnt ar a n-oll-bhreisluach (in euro), measfar go bhfuil riosca sceitheadh carbóin ag roinnt leo. Leithdháilfear lamháltais saor in aisce ar earnálacha agus fo-earnálacha den sórt sin don tréimhse go dtí 2030 de réir 100 % den chainníocht a chinntear de bhun Airteagal 10a.

▼M9

2. Earnálacha agus fo-earnálacha ar ina leith is mó ná 0,15 an toradh a fhaightear tar éis déine a gcuid trádála le tríú tíortha a iolrú faoi dhéine a gcuid astaíochtaí, féadfar iad a áireamh sa ghrúpa dá dtagraítear i mír 1, agus leas á bhaint as sonraí do na blianta ó 2014 go 2016, ar bhonn measúnú cáilíochtúil a dhéanamh agus ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) a mhéid is féidir do shuiteálacha aonair san earnáil nó san fho-earnáil lena mbaineann leibhéil na n-astaíochtaí nó tomhaltas leictreachais a laghdú;

(b) saintréithe reatha agus réamh-mheasta an mhargaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, aon phraghas tagartha comhchoiteann;

(c) corrlaigh bhrabúis mar tháscaire féideartha ar an infheistíocht fadtréimhse nó ar chinntí maidir le hathshuíomh, agus aird á tabhairt ar athruithe i gcostais táirgthe a bhaineann le laghduithe ar astaíochtaí.

3. Earnálacha agus fo-earnálacha nach sáraíonn an tairseach dá dtagraítear i mír 1, ach ag a mbeidh déine astaíochtaí a thomhaistear in kgCO_2, arna roinnt ar a n-ollbhreisluach (in euro), atá níos mó ná 1,5, déanfar na hearnálacha agus na fo-earnálacha sin a mheasúnú freisin ar leibhéal 4-dhigit (cód NACE-4). Cuirfidh an Coimisiún torthaí an mheasúnaithe sin ar fáil don phobal.

Laistigh de thrí mhí ó dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh na hearnálacha agus na fo-earnálacha dá dtagraítear san fhomhír sin iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun go ndéanfadh sé measúnú cáilíochtúil ar a neamhchosaint ar sceitheadh carbóin ag leibhéal 4-dhigit (cód NACE-4) nó measúnú ar bhonn an aicmithe earraí a úsáidtear le haghaidh staidreamh maidir le táirgeadh tionsclaíoch san Aontas ar leibhéal 8-dhigit (Prodcom). Chuige sin, tíolacfaidh earnálacha agus fo-earnálacha sonraí a mbeidh bunús cuí leo agus a bheidh iomlán agus a bheidh fíoraithe go neamhspleách chun go bhféadfaidh an Coimisiún an measúnú a dhéanamh agus freastal ar an iarratas.

I gcás ina roghnóidh earnáil nó fo-earnáil go ndéanfar measúnú uirthi ar leibhéal 4-dhigit (cód NACE-4), féadfar í a áireamh sa ghrúpa dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2. I gcás ina roghnóidh earnáil nó fo-earnáil go ndéanfar measúnú uirthi ar leibhéal 8-ndigit (Prodcom), áireofar í sa ghrúpa dá dtagraítear i mír 1 ar choinníoll go sáraítear, ar an leibhéal sin, an tairseach de 0,2 dá dtagraítear i mír 1.

Earnálacha agus fo-earnálacha a ndéantar saor-leithdháileadh a ríomh ar bhonn na luachanna tagarmhairc dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 10a(2), féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfar measúnú orthu i gcomhréir leis an tríú fomhír den mhír seo.

▼M9

De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, féadfaidh Ballstát a iarraidh, faoin 30 Meitheamh 2018, go mbeartófar go ndéanfar earnáil nó fo-earnáil, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/746/AE ón gCoimisiún ([1]) i leith aicmithe ar leibhéal 6-dhigit nó ar leibhéal 8-ndigit (Prodcom), a áireamh sa ghrúpa dá dtagraítear i mír 1. Ní dhéanfar aon iarraidh den sórt sin a mheas ach amháin i gcás ina suífidh an Ballstát iarrthach go mbeidh bonn cirt le cur i bhfeidhm an mhaolaithe sin ar bhonn sonraí a sholáthróidh an earnáil nó an fho-earnáil lena mbaineann, ar sonraí iad a mbeidh bunús cuí leo agus a bheidh iomlán, fíoraithe agus iniúchta do na cúig bliana is déanaí, agus go n-áireoidh sé san iarratas an fhaisnéis uile a bheidh ábhartha. Ar bhonn na sonraí sin, áireofar an earnáil nó an fho-earnáil lena mbaineann i leith na n-aicmithe sin i gcás ina léirítear ina leith, laistigh de chód ilchineálach leibhéal 4-dhigit (cód NACE-4), go bhfuil déine trádála agus déine astaíochtaí aici, ar leibhéal 6-dhigit nó ar leibhéal 8-ndigit (Prodcom) atá i bhfad níos airde agus lena sáraítear an tairseach a leagtar amach i mír 1.

4. Meastar go bhfuil earnálacha agus fo-earnálacha eile in ann níos mó de chostais na lamháltas a thabhairt ar aghaidh i bpraghsanna táirgí, agus leithdháilfear lamháltais saor in aisce orthu de réir 30 % den cháilíocht a chinntear de bhun Airteagal 10a. Mura gcinntear a mhalairt san athbhreithniú de bhun Airteagal 30, saor-leithdháiltí d'earnálacha agus d'fho-earnálacha eile, cé is moite de théamh ceantair, laghdófar iad de réir méideanna cothroma tar éis 2026 ionas nach mbeidh saor-leithdháileadh ar bith ann in 2030.

▼M15

I mBallstát inar mó ná 5, ar an meán thar na blianta ó 2014 go 2018, a sciar d'astaíochtaí ó théamh ceantair d'iomlán na n-aistíochtaí sin san Aontais, arna roinnt ar sciar OTI an Bhallstáit sin de OTI iomlán an Aontais, déanfar leithdháileadh breise saor in aisce 30 % den chainníocht arna cinneadh de bhun Airteagal 10a a thabhairt do théamh ceantair don tréimhse ó 2016 go 2030, ar choinníoll go n-infheisteofar méid arb ionann é agus luach an leithdháilte saor in aisce sin chun astaíochtaí a laghdú go suntasach roimh 2030 i gcomhréir le pleananna aeráidneodrachta dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo agus go ndearbhófar gnóthú na spriocanna agus na ngarspriocanna dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír sin leis an bhfíorú arna dhéanamh i gcomhréir leis an gceathrú fomhír den mhír seo.

Faoin 1 Bealtaine 2024, bunóidh oibreoirí téimh ceantair plean aeráidneodrachta do na suiteálacha a ndéanann siad iarratas ar leithdháileadh saor in aisce breise ina leith i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo. Beidh an plean sin comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus leagfar amach an méid seo a leanas ann:

(a) bearta agus infheistíochtaí chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar leibhéal na suiteála nó ar leibhéal na cuideachta, gan úsáid creidmheasanna frithháirithe carbóin a chur san áireamh;

([1]) Cinneadh 2014/746/AE ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2014 lena gcinntear, de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, liosta earnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol suntasach sceite carbóin, don tréimhse 2015 go dtí 2019 (IO L 308, 29.10.2014, lch. 114).

▼M15

(b) spriocanna idirmheánacha agus garspriocanna le tomhas a dhéanamh, faoin 31 Nollaig 2025 agus faoin 31 Nollaig gach cúigiú bliain ina dhiaidh sin, ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach mar a leagtar amach i bpointe (a) den fhomhír seo;

(c) meastachán ar thionchar gach ceann de na bearta agus infheistíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Fíorófar gnóthú na spriocanna agus na ngarspriocanna dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (b), den mhír seo, maidir leis an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2025 agus maidir le gach tréimhse a chríochnaíonn an 31 Nollaig gach cúigiú bliain ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le fíorú agus creidiúnú dá bhforáiltear in Airteagal 15. Ní leithdháilfear aon lamháltais saor in aisce thar an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo mura mbeidh gnóthú na spriocanna idirmheánacha agus na ngarspriocanna fíoraithe i leith na tréimhse suas go dtí deireadh 2025 nó i leith na tréimhse ó 2026 go 2030.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar íosmhéid inneachair na faisnéise dá dtagraítear sa tríú fomhír, i bpointe (a), (b) agus (c) den mhír seo, agus ar fhormáid na bpleananna aeráidneodrachta dá dtagraítear san fhomhír sin agus in Airteagal 10a(1), an cúigiú fomhír. Lorgóidh an Coimisiún sineirgí le pleananna comhchosúla dá bhforáiltear i ndlí an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(a)2.

▼M9

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, faoin 31 Nollaig 2019, i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir leis na hearnálacha agus na fo-earnálacha a chinneadh a meastar a bhfuil riosca sceitheadh carbóin ag roinnt leo, amhail dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo, i dtaca le gníomhaíochtaí ar leibhéal 4-dhigit (cód NACE-4) a mhéid a bhaineann le mír 1 den Airteagal seo, bunaithe ar na sonraí do na trí bliana féilire is déanaí a chur ar fáil.

Airteagal 10c

Rogha le haghaidh saor-leithdháileadh idirthréimhseach chun an earnáil fuinnimh a nuachóiriú

1. De mhaolú ar Airteagal 10a(1) go (5), maidir leis na Ballstáit ina raibh OTI *per capita* in 2013 de réir margadhphraghsanna (in euro) atá faoi bhun 60 % de mheán an Aontais, féadfaidh siad saor-leithdháileadh idirthréimhseach a thabhairt do shuiteálacha chun leictreachas a ghiniúint d'fhonn an earnáil fuinnimh a nuachóiriú agus a éagsúlú, agus d'fhonn í a chlaochlú ar bhonn inbhuanaithe. Na hinfheistíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht, beidh siad ag teacht leis an aistriú chuig geilleagar sábháilte, inbhuanaithe ísealcharbóin, le cuspóirí chreat beartais 2030 an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh, agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a leagtar síos i gComhaontú Pháras a bhaint amach. Tiocfaidh deireadh leis an maolú dá bhforáiltear sa mhír seo an 31 Nollaig 2030.

▼M9

2. Eagróidh an Ballstát lena mbaineann próiseas tairisceana iomaíoch, a chuirfear ar bun idir 2021 agus 2030 agus ina mbeidh babhta amháin nó níos mó i gceist leis, le haghaidh tionscadail lena mbaineann infheistíocht de mhéid iomlán is mó ná EUR 12,5 milliún, chun na hinfheistíochtaí atá le maoiniú trí shaor-leithdháileadh a roghnú. Leis an bpróiseas tairisceana iomaíoch sin:

(a) comhlíonfar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainne agus na bainistíochta fónta airgeadais;

(b) cinnteofar nach mbeidh ach na tionscadail lena gcuirtear le héagsúlú a bhfoinsí éagsúla fuinnimh agus a bhfoinsí soláthair, athstruchtúrú riachtanach, uasghrádú comhshaoil agus iarfheistiú comhshaoil an bhonneagair, teicneolaíochtaí glana, amhail teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, nó nuachóiriú earnáil an táirgthe fuinnimh, amhail téamh ceantair éifeachtúil, inbhuanaithe, agus nuachóiriú earnáil an tarchuir agus earnáil an dáilte fuinnimh, incháilithe chun tairiscintí a dhéanamh;

(c) saineofar critéir roghnúcháin shoiléire, oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha chun tionscadail a rangú, ionas go gcinnteofar nach roghnófar tionscadail ach amháin na cinn seo a leanas:

(i) na cinn lena gcinnteofar gnóthachan glan dearfach ó thaobh laghdú astaíochtaí agus lena réadófar leibhéal suntasach réamh-shainaitheanta laghduithe CO_2, ar bhonn anailís chostais agus sochair agus aird á tabhairt ar mhéid an tionscadail;

(ii) na cinn is tionscadail bhreise, lena bhfreagraítear go soiléir do riachtanais athsholáthair agus nuachóirithe agus nach soláthraítear méadú leo atá faoi thionchar an mhargaidh san éileamh fuinnimh;

(iii) na cinn a thugann an luach is fearr ar airgead; agus

(iv) na cinn nach rannchuidíonn le hinmharthanacht airgeadais na giniúna leictreachais sin atá dian ar astaíochtaí nó nach méadaíonn an spleáchas ar bhreoslaí iontaise atá dian ar astaíochtaí.

De mhaolú ar Airteagal 10(1), agus gan dochar d'abairt deiridh mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina ndéantar infheistíocht a roghnaítear trí phróiseas tairisceana iomaíoch a chur ar ceal nó nach mbaintear amach an fheidhmíocht atá beartaithe, féadfar na lamháltais arna gcur in áirithe a úsáid trí aon bhabhta breise amháin den phróiseas tairisceana iomaíoch aon bhliain amháin ina dhiaidh sin, ar a luaithe, chun infheistíochtaí eile a mhaoiniú.

Faoin 30 Meitheamh 2019, maidir le haon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige úsáid a bhaint as saor-leithdháileadh idirthréimhseach roghnach chun an earnáil fuinnimh a nuachóiriú, foilseoidh sé creat náisiúnta mionsonraithe ina leagfar amach an próiseas tairisceana iomaíoch, lena n-áirítear an méid babhtaí a bheartaítear dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus na critéir roghnúcháin chun go ndéanfadh an pobal trácht air.

▼M9

I gcás infheistíochtaí a bhfuil a luach níos lú ná EUR 12,5 milliún atá le tacú le saor-leithdháileadh agus nach roghnaítear trí phróiseas tairisceana iomaíoch dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh, déanfaidh an Ballstát na tionscadail a roghnú ar bhonn critéir thrédhearcacha agus oibiachtúla. Foilseofar torthaí an phróisis roghnúcháin sin chun go ndéanfadh an pobal trácht orthu. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, faoin 30 Meitheamh 2019, liosta infheistíochtaí a bhunú agus a fhoilsiú agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é. I gcás ina ndéantar níos mó ná infheistíocht amháin laistigh den suiteáil chéanna, déanfar iad a mheas ina n-iomláine chun a fháil amach cé acu a sháraítear nó nach sáraítear an luach tairsí de EUR 12,5 milliún, mura rud é go bhfuil na hinfheistíochtaí sin, ar bhealach neamhspleách, inmharthana go teicniúil nó ó thaobh an airgeadais de.

3. Beidh luach na n-infheistíochtaí beartaithe ar a laghad comhionann le margadhluach an tsaor-leithdháilte, agus an gá le teorainn a chur le méaduithe ar phraghsanna atá nasctha go díreach á chur san áireamh ag an am céanna. Is ionann an margadhluach agus meán phraghas na lamháltas ar an gcomhardán ceantála sa bhliain féilire roimhe sin. Féadfar suas go dtí 70 % de chostais ábhartha infheistíochta a thacú trí leas a bhaint as an saor-leithdháileadh, ar choinníoll go ndéanann eintitis dhlíthiúla phríobháideacha na costais atá fágtha a mhaoiniú.

4. Déanfar saor-leithdháiltí idirthréimhseacha a bhaint as cainníocht na lamháltas a chuirfeadh an Ballstát ar ceant thairis sin. Ní mó an saor-leithdháileadh iomlán ná 40 % de na lamháltais a gheobhaidh an Ballstát lena mbaineann, de bhun Airteagal 10(2)(a), sa tréimhse ó 2021 go 2030, arna leathadh amach i méideanna bliantúla comhionanna thar an tréimhse sin.

5. I gcás ina n-úsáidfidh Ballstát, de bhun Airteagal 10d(4), lamháltais a dháiltear chun críocha na dlúthpháirtíochta, an fháis agus idirnasc laistigh den Aontas i gcomhréir le Airteagal 10(2)(b) féadfaidh an Ballstát sin, de mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, cainníocht iomlán, suas go dtí 60 % de na lamháltais a fhaightear sa tréimhse ó 2021 go 2030 de bhun Airteagal 10(2)(a), a úsáid le haghaidh saor-leithdháileadh idirthréimhseach, agus leas á bhaint as méid comhfhreagrach de na lamháltais a dháiltear i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(b).

Aon lamháltais nach leithdháilfear faoin Airteagal seo faoi 2020, féadfar iad a leithdháileadh thar an tréimhse ó 2021 go 2030 d'infheistíochtaí a roghnaítear tríd an bpróiseas tairisceana iomaíoch dá dtagraítear i mír 2, mura rud é go gcuireann an Ballstát lena mbaineann in iúl don Coimisiún faoin 30 Meán Fómhair 2019 go bhfuil rún aige gan cuid de na lamháltais sin, nó na lamháltais go léir, a leithdháileadh thar an tréimhse ó 2021 go 2030 agus go gcuireann sé an Coimisiún ar an eolas faoi mhéid na lamháltas a bheidh le cur ar ceant ina ionad sin in 2020. I gcás ina leithdháiltear lamháltas den sórt sin thar an tréimhse ó 2021 go 2030, cuirfear méid comhfhreagrach lamháltas san áireamh le haghaidh theorainn 60 %, a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, a chur i bhfeidhm.

▼M9

6. Déanfar leithdháiltí ar oibreoirí tar éis a léiriú go ndearnadh infheistíocht arna roghnú i gcomhréir le rialacha an phróisis tairisceana iomaíoch. Más rud é go mbeidh acmhainn bhreise giniúna leictreachais ann mar thoradh ar infheistíocht, léireoidh an t-oibreoir lena mbaineann, freisin, go ndearna sé, nó go ndearna oibreoir comhlachaithe eile, méid comhfhreagrach de chumas giniúna leictreachais a bhfuil déine a chuid astaíochtaí níos airde, a dhíchoimisiúnú faoin am a gcuirtear tús le hoibriú an chumais bhreise.

▼M15

7. Ceanglóidh na Ballstáit ar shuiteálacha giniúna leictreachais agus ar oibreoirí líonra is tairbhithe tuarascáil a thabhairt, faoin 28 Feabhra gach bliain, maidir le cur chun feidhme a n-infheistíochtaí roghnaithe, lena n-áirítear iarmhéid an leithdháilte saor in aisce agus an chaiteachais infheistíochta a tabhaíodh agus na cineálacha infheistíochtaí a dtacaítear leo. Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis sin, agus cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar fáil don phobal.

Airteagal 10ca

Spriocdháta níos luaithe le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach chun an earnáil fuinnimh a nuachóiriú

De mhaolú ar Airteagal 10c, ní fhéadfaidh na Ballstáit lena mbaineann leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach a thabhairt ach amháin do shuiteálacha i gcomhréir leis an Airteagal sin maidir le hinfheistíochtaí arna ndéanamh go dtí an 31 Nollaig 2024. Maidir le haon lamháltais atá ar fáil do na Ballstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 10c don tréimhse ó 2021 go 2030 agus nach n-úsáidtear le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin iad, déanfar an méid seo a leanas, sa chion a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann:

(a) cuirfear iad le cainníocht iomlán na lamháltas a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann ar ceant de bhun Airteagal 10(2); nó

(b) úsáidfear iad chun tacú le hinfheistíochtaí faoi chuimsiú an Chiste don Nuachóiriú dá dtagraítear in Airteagal 10d, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an ioncam ó lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10d(4).

Faoin 15 Bealtaine 2024, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi mhéideanna na lamháltas faoi seach atá le húsáid faoi Airteagal 10(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus, de mhaolú ar Airteagal 10d(4), an dara habairt, faoi Airteagal 10d.

▼M9

Airteagal 10d

Ciste don Nuachóiriú

▼M15

1. Bunófar ciste chun tacú le hinfheistíochtaí atá beartaithe ag na Ballstáit is tairbhithe, lena n-áirítear tionscadail infheistíochta ar mhionscála a mhaoiniú, chun córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú don tréimhse ó 2021 go 2030 (an “Ciste don Nuachóiriú”). Maoineofar an Ciste don Nuachóiriú trí lamháltais a chur ar ceant mar a leagtar amach in Airteagal 10, le haghaidh na mBallstát is tairbhithe a leagtar amach ann.

▼M15

Beidh na hinfheistíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ag teacht le haidhmeanna na Treorach seo, chomh maith le cuspóirí na teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus Rialachán (AE) 2021/1119 agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a leagtar síos i gComhaontú Pháras. Féadfaidh na Ballstáit is tairbhithe, i gcás inarb iomchuí, acmhainní an Chiste don Nuachóiriú a úsáid chun infheistíochtaí a mhaoiniú lena mbaineann réigiúin teorann an Aontais in aice láimhe. Ní chuirfear aon tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú ar fáil do shaoráidí giniúna fuinnimh a úsáideann breoslaí iontaise. Mar sin féin, féadfar ioncam ó lamháltais arna gcumhdach le fógra de bhun mhír 4 den Airteagal seo a úsáid le haghaidh infheistíochtaí lena mbaineann breoslaí iontaise gásacha.

Ina theannta sin, maidir le hioncam ó lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an tríú fomhír, den Treoir seo, i gcás ina gcáilíonn an ghníomhaíocht mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus ina bhfuil údar cuí léi ar chúiseanna a bhaineann le slándáil fuinnimh a áirithiú, féadfar é a úsáid le haghaidh infheistíochtaí lena mbaineann breoslaí iontaise gásacha ar choinníoll, chun fuinneamh a ghiniúint, go gcuirfear na lamháltais ar ceant roimh an 31 Nollaig 2027 agus, maidir le hinfheistíochtaí lena mbaineann úsáidí iartheachtacha gáis, go gcuirfear na lamháltais ar ceant roimh an 31 Nollaig 2028.

2. Úsáidfear 80 % ar a laghad den ioncam ó lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an tríú fomhír, agus ó lamháltais a chumhdaítear le fógra de bhun mhír 4 denAirteagal seo, agus 90 % ar a laghad den ioncam ó lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an ceathrú fomhír, chun tacú le hinfheistíochtaí sna nithe seo a leanas:

(a) leictreachas a ghiniúint agus a úsáid ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear hidrigin inathnuaite;

(b) téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite;

(c) úsáid fhoriomlán fuinnimh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear sa tionscal, san iompar, i bhfoirgnimh, sa talmhaíocht agus i gcúrsaí dramhaíola;

(d) stóráil fuinnimh agus nuachóiriú líonraí fuinnimh, lena n-áirítear bainistiú ar éileamh, píblínte téimh ceantair, eangacha le haghaidh traschur leictreachais, méadú ar idirnaisc idir na Ballstáit agus bonneagar le haghaidh soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha;

(e) tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta, chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus chun a gcórais téimh a nuachóiriú; agus

(1) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

▼M15

(f) aistriú cóir i réigiúin, sna Ballstáit is tairbhithe, a bhíonn ag brath ar an gcarbón, chun tacú le hath-imlonnú, le hathoiliúint agus le breisoiliúint oibrithe, leis an oideachas, le tionscnaimh cuardaithe poist agus le gnólachtaí nuathionscanta, agus in idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, ar bhealach atá comhsheasmhach le gníomhaíochtaí ábhartha arna n-áireamh ag na Ballstáit ina bpleananna críochacha um aistriú cóir i gcomhréir le hAirteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/1056, i gcás inarb ábhartha.

▼M9

3. Is faoi fhreagracht na mBallstát is tairbhithe a bheidh an Ciste don Nuachóiriú ag feidhmiú. Áiritheoidh BEI go gcuirfear na lamháltais ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 10(4) agus is é a bheidh freagrach as an ioncam a bhainistiú. Déanfaidh BEI an t-ioncam a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit nuair a dhéanann an Coimisiún cinneadh maidir le heisíocaíocht, más rud é go mbíonn an t-eisíoc sin le haghaidh infheistíochtaí i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo nó, i gcás nach dtagann na hinfheistíochtaí faoi na réimsí a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo, más rud é go mbíonn an t-eisíoc i gcomhréir le moltaí an choiste infheistíochta. Glacfaidh an Coimisiún an cinneadh sin go tráthúil. Dáilfear an t-ioncam ar na Ballstáit agus de réir na sciartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIb, i gcomhréir le mír 6 go mír 12 den Airteagal seo.

4. Féadfaidh aon Bhallstát lena mbaineann úsáid a bhaint as an saor-leithdháileadh iomlán a dheonaítear de bhun Airteagal 10c(4), nó cuid den leithdháileadh sin, agus méid na lamháltas a dháiltear chun críocha na dlúthpháirtíochta, an fháis agus idirnasc laistigh den Aonta, i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(b), nó cuid den méid sin, i gcomhréir le hAirteagal 10d, chun tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí faoi chuimsiú an Chiste don Nuachóiriú, agus ar an gcaoi sin méadófar na hacmhainní a dháiltear ar an mBallstát sin. Faoin 30 Meán Fómhair 2019, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi mhéideanna na lamháltas, faoi seach, a úsáidfear faoi Airteagal 10(2)(b), faoi Airteagal 10c agus faoi Airteagal 10d.

5. Bunaítear leis seo coiste infheistíochta don Chiste don Nuachóiriú. Ar an gcoiste infheistíochta beidh ionadaí ó gach Ballstát is tairbhí, ón gCoimisiún agus ó BEI, agus trí ionadaí arna dtoghadh ag na Ballstáit eile go ceann tréimhse cúig bliana. Is é an t-ionadaí ón gCoimisiún a bheidh mar chathaoirleach air. Féadfaidh ionadaí amháin ó gach Ballstát, nach comhalta den choiste infheistíochta é, freastal ar chruinnithe an choiste i gcáil breathnóra.

Feidhmeoidh an coiste infheistíochta ar bhealach trédhearcach. Déanfar comhdhéanamh an choiste infheistíochta agus *curricula vitae* agus dearbhuithe leasanna a chomhaltaí a chur ar fáil don phobal agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta.

6. Sula gcinneann Ballstát is tairbhí infheistíocht a mhaoiniú óna sciar féin den Chiste don Nuachóiriú, cuirfidh sé an tionscadal infheistíochta faoi bhráid an choiste infheistíochta agus faoi bhráid BEI. I gcás ina ndeimhneoidh BEI go dtagann an infheistíocht faoi na réimsí a liostaítear i mír 2, féadfaidh an Ballstát dul ar aghaidh chun an tionscadal infheistíochta a mhaoiniú óna sciar féin.

▼M9

I gcás nach dtagann infheistíocht i nuachóiriú na gcóras fuinnimh, a bhfuil sé beartaithe í a mhaoiniú ón gCiste don Nuachóiriú, faoi na réimsí a liostaítear i mír 2, déanfaidh an coiste infheistíochta inmharthanacht theicniúil agus airgeadais na hinfheistíochta sin a mheas, lena n-áirítear an laghdú astaíochtaí a bhaineann sí amach, agus eiseoidh sé moladh maidir leis an infheistíocht a mhaoiniú ón gCiste don Nuachóiriú. Áiritheoidh an coiste infheistíochta go mbainfear amach feabhas suntasach ar éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le laghdú ar astaíochtaí le haon infheistíocht a bhaineann le téamh ceantair. Féadfar moltaí maidir le hionstraimí iomchuí maoiniúcháin a áireamh ar an moladh sin. Féadfar suas le 70 % de chostais ábhartha infheistíochta nach dtagann faoi na réimsí a liostaítear i mír 2 a thacú le hacmhainní ón gCiste don Nuachóiriú ar choinníoll go ndéanann eintitis dhlíthiúla phríobháideacha na costais atá fágtha a mhaoiniú.

7. Féachfaidh an coiste infheistíochta lena chuid moltaí a ghlacadh de chomhthoil. Mura bhfuil an coiste infheistíochta in ann cinneadh a dhéanamh trí chomhthoil laistigh de spriocdháta arna shocrú ag an gcathaoirleach, déanfaidh sé an cinneadh sin trí thromlach simplí.

Mura dtacóidh ionadaí ó BEI le hinfheistíocht a mhaoiniú, ní ghlacfar moladh ach amháin má vótálann tromlach dhá thrian de na comhaltaí ar fad ina fhabhar. Ní bheidh ionadaí an Bhallstáit ina ndéanfar an infheistíocht ná an t-ionadaí ó BEI i dteideal vóta a chaitheamh sa chás sin. Ní bheidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir le tionscadail ar mhionscála arna gcistiú trí iasachtaí arna soláthar ag banc náisiúnta le haghaidh spreagtha nó trí dheontais lena gcuirtear le cur chun feidhme cláir náisiúnta a mbeidh cuspóirí sonracha ag baint leis i gcomhréir le cuspóirí an Chiste don Nuachóiriú, ar choinníoll nach n-úsáidtear níos mó ná 10 % de sciar na mBallstát a leagtar amach in Iarscríbhinn IIb faoin gclár.

8. Gníomh ar bith nó moladh ar bith ó BEI nó ón gcoiste infheistíochta a dhéanfar de bhun mhír 6 agus mhír 7, déanfar iad go tráthúil agus luafar na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Cuirfear gníomhartha agus moltaí den sórt sin ar fáil go poiblí.

9. Is iad na Ballstáit is tairbhithe a bheidh freagrach as obair leantach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na dtionscadal a roghnaítear.

10 Tabharfaidh na Ballstáit is tairbhithe tuarascáil bhliantúil don Choimisiún maidir le hinfheistíochtaí arna maoiniú ag an gCiste don Nuachóiriú. Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí agus beidh na nithe seo a leanas mar chuid di:

(a) faisnéis faoi na hinfheistíochtaí arna maoiniú in aghaidh an Bhallstáit is tairbhí;

(b) measúnú ar an mbreisluach, ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh nó nuachóiriú an chórais fuinnimh, arna ghnóthú tríd an infheistíocht.

▼M15

11. Tuairisceoidh an coiste infheistíochta ar bhonn bliantúil don Choimisiún ar an taithí a fuarthas agus infheistíochtaí á measúnú aige, go háirithe maidir le laghduithe ar astaíochtaí agus costais laghdaithe. Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na réimsí a bhaineann leis na tionscadail dá dtagraítear i mír 2, agus torthaí an choiste infheistíochta á gcur san áireamh aige, agus déanfaidh sé athbhreithniú freisin ar an mbunús atá le moltaí an choiste infheistíochta.

Déanfaidh an coiste infheistíochta socrú chun go bhfoilseofar an tuarascáil bhliantúil. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

▼M9

12. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú an Chiste don Nuachóiriú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

▼M13

Airteagal 10e

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

1. Mar bheart aonuaire urghnách, go dtí an 31 Lúnasa 2026, cuirfear na lamháltais arna gcur ar ceant de bhun mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, ar ceant go dtí go sroichfidh an t-ioncam iomlán a fhaightear ó cheantáil den sórt sin EUR 20 billiún. Cuirfear an t-ioncam sin ar fáil don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 10a(8), go dtí an 31 Lúnasa 2026, cuirfear cuid de na lamháltais dá dtagraítear sa mhír sin ar ceant chun tacú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241, go dtí go sroichfidh an t-ioncam a fhaightear ó cheantáil den sórt sin EUR 12 bhilliún.

3. Go dtí an 31 Lúnasa 2026, déanfar roinnt lamháltas ón gcainníocht a chuirfeadh na Ballstáit ar ceant murach sin faoi Airteagal 10(2), pointe (a), a chur ar ceant ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2030 chun tacú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241, go dtí go sroichfidh an t-ioncam a fhaightear ón gceantáil sin EUR 8 mbilliún. Déanfar na lamháltais sin, i bprionsabal, a chur ar ceant i méideanna bliantúla comhionanna thar an tréimhse ábhartha.

4. De mhaolú ar Airteagal 1(5a) de Chinneadh (AE) 2015/1814, go dtí an 31 Nollaig 2030, úsáidfear 27 milliún lamháltas neamh-leithdháilte sa chúlchiste cobhsaíochta margaidh ón gcainníocht iomlán a bheadh neamhbhailí thar an tréimhse sin murach sin, chun tacú leis an nuálaíocht, dá dtagraítear in Airteagal 10a(8), an chéad fhomhír, den Treoir seo.

([1]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

▼M13

5. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na lamháltais atá le cur ar ceant faoi mhíreanna 2 agus 3, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail agus na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 10(4) den Treoir seo agus i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún ([1]) chun a áirithiú go mbeidh méid leordhóthanach acmhainní an chiste nuálaíochta ann sa tréimhse ón 2023 go 2026. Déanfar athbhreithniú ar an tréimhse le haghaidh ceantála dá dtagraítear san Airteagal seo bliain amháin tar éis a thosaithe i bhfianaise thionchar na ceantála dá bhforáiltear san Airteagal seo ar an margadh carbóin agus ar an bpraghas carbóin.

6. Is é an BEI a bheidh ina cheantálaí le haghaidh na lamháltas a bheidh le ceantáil de bhun an Airteagail seo ar an ardán ceant arna cheapadh de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 agus cuirfidh sé ioncam a ghinfear ón gceantáil ar fáil don Choimisiún.

7. Is éard a bheidh san ioncam a ghinfear ó lamháltais a chur ar ceant ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

▼M15

Airteagal 10f

An prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”

Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, úsáidfidh na Ballstáit is tairbhithe agus an Coimisiún an t-ioncam a ghintear ó cheantáil na lamháltas atá ceaptha don Chiste don Nuálaíocht de bhun Airteagal 10a(8) den Airteagal seo, agus ó na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír, den Treoir seo i gcomhréir leis na critéir “gan dochar suntasach a dhéanamh” a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcás ina n-úsáidtear ioncam den sórt sin le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch ar bunaíodh critéir scagtha theicniúla ina leith chun a chinneadh cibé an ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil ábhartha de bhun Airteagal 10(3), pointe (b), den Rialachán sin.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

▼M4

Article 11

National implementation measures

1. Each Member State shall publish and submit to the Commission, by 30 September 2011, the list of installations covered by this Directive in its territory and any free allocation to each installation in its territory calculated in accordance with the rules referred to in Article 10a(1) and Article 10c.

▼M9

Déanfar liosta de shuiteálacha a chumhdaítear leis an Treoir seo do na cúig bliana dar tús an 1 Eanáir 2021 a thíolacadh faoin 30 Meán Fómhair 2019, agus déanfar liostaí do gach tréimhse cúig bliana dá éis a thíolacadh gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Cuirfear faisnéis san áireamh i ngach liosta maidir le gníomhaíocht táirgthe, aistrithe teasa agus gás, táirgeadh leictreachais agus astaíochtaí ar leibhéal na foshuiteála thar na cúig bliana féilire roimh a thíolacadh. Ní thabharfar saor-leithdháiltí ach do shuiteálacha a soláthraítear an fhaisnéis sin ina leith.

▼M4

2. By ►M15 30 Meitheamh ◄ of each year, the competent authorities shall issue the quantity of allowances that are to be allocated for that year, calculated in accordance with Articles 10, 10a and 10c.

3. Member States may not issue allowances free of charge under paragraph 2 to installations whose inscription in the list referred to in paragraph 1 has been rejected by the Commission.

▼M2

CHAPTER IV

▼M15

FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS AN EITLÍOCHT, LEIS AN MUIRIOMPAIR AGUS LE SUITEÁLACHA DO-AISTRITHE

▼M4

Article 11a

Use of CERs and ERUs from project activities in the ►M9 EU ETS ◄ before the entry into force of an international agreement on climate change

▼M14

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, beidh oibreoirí aerárthaí a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d'eisigh Ballstát nó atá cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, na spleáchríocha agus na críocha den Bhallstát sin, in ann na haonaid seo a leanas a úsáid chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le haonaid a chealú i leith na cainníochta a bhfuil fógra tugtha ina leith de bhun Airteagal 12(6) mar a leagtar síos in Airteagal 12(9):

(a) creidmheasanna atá údaraithe ag páirtithe atá rannpháirteach sa sásra a bunaíodh faoi Airteagal 6(4) de Chomhaontú Pháras;

▼**M14**

(b) creidmheasanna atá údaraithe ag páirtithe atá rannpháirteach i gcláir chreidmheasa ar mheas Comhairle ICAO go raibh siad incháilithe arna sainaithint sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 8;

(c) creidmheasanna atá údaraithe ag páirtithe i gcomhaontuithe de bhun mhír 5;

(d) creidmheasanna a eisíodh i ndáil le tionscadail ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 24a.

2. Féadfar na haonaid dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), a úsáid má chomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) tionscnaítear iad ó Stát ar Páirtí é i gComhaontú Pháras tráth na húsáide;

(b) tionscnaíonn siad ó Stát atá liostaithe sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) mar thír atá rannpháirteach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) de chuid ICAO. Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll sin maidir le hastaíochtaí arna scaoileadh roimh 2027, ná ní bheidh feidhm aige maidir le tíortha is lú forbairt ná Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, mar a shainmhíníonn na Náisiúin Aontaithe iad, seachas na Stáit sin a bhfuil a OTI *per capita* cothrom le meán an Aontais nó níos mó ná meán an Aontais.

3. Féadfar na haonaid dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), a úsáid má tá na socruithe is gá i bhfeidhm chun go bhféadfaidh na páirtithe rannpháirteacha údarú a thabhairt, má dhéantar coigeartuithe tráthúla ar thuairisciú astaíochtaí antrapaigineacha trí fhoinsí agus aistrithe trí linnte a chumhdaítear le rannchuidiú na bpáirtithe rannpháirteacha a chinntear go náisiúnta, agus má sheachnaítear comhaireamh dúbailte agus glanmhéadú in astaíochtaí domhanda.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos ceanglais mhionsonraithe le haghaidh na socruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, ina bhféadfaí ceanglais tuairiscithe agus clárlainne a áireamh, agus le haghaidh na Stáit nó cláir a chuireann na socruithe sin i bhfeidhm a liostú. Cuirfear san áireamh sna socruithe sin na solúbthachtaí atá ar fáil do thíortha is lú forbairt agus Stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

____

▼**M4**

5. To the extent that the levels of CER and ERU use, allowed to operators or aircraft operators by Member States for the period from 2008 to 2012, have not been used up or an entitlement to use credits is granted under paragraph 8 and in the event that the negotiations on an international agreement on climate change are not concluded by 31 December 2009, credits from projects or other emission reducing activities may be used in the ►**M9** EU ETS ◄ in accordance with agreements concluded with third countries, specifying levels of use. In accordance with such agreements, operators shall be able to use credits from project activities in those third countries to comply with their obligations under the ►**M9** EU ETS ◄.

▼M4

6. Any agreements referred to in paragraph 5 shall provide for the use of credits in the ►M9 EU ETS ◄ from project types which were eligible for use in the ►M9 EU ETS ◄ during the period from 2008 to 2012, including renewable energy or energy efficiency technologies which promote technological transfer and sustainable development. Any such agreement may also provide for the use of credits from projects where the baseline used is below the level of free allocation under the measures referred to in Article 10a or below the levels required by ►M9 Aontas ◄ legislation.

7. Once an international agreement on climate change has been reached, only credits from projects from third countries which have ratified that agreement shall be accepted in the ►M9 EU ETS ◄ from 1 January 2013.

▼M9

____

▼M14

8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena liostáitear aonaid ar mheas Comhairle ICAO go raibh siad incháilithe, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme freisin chun an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

▼M1

Article 11b

Project activities

1. Member States shall take all necessary measures to ensure that baselines for project activities, as defined by subsequent decisions adopted under the UNFCCC or the Kyoto Protocol, undertaken in countries having signed a Treaty of Accession with the Union fully comply with the *acquis communautaire*, including the temporary derogations set out in that Treaty of Accession.

▼M4

The ►M9 Aontas ◄ and its Member States shall only authorise project activities where all project participants have headquarters either in a country that has concluded the international agreement relating to such projects or in a country or sub-federal or regional entity which is linked to the ►M9 EU ETS ◄ pursuant to Article 25.

▼M1

2. Except as provided for in paragraphs 3 and 4, Member States hosting project activities shall ensure that no ERUs or CERs are issued for reductions or limitations of greenhouse gas emissions from ►M2 activities ◄ falling within the scope of this Directive.

3. Until 31 December 2012, for JI and CDM project activities which reduce or limit directly the emissions of an installation falling within the scope of this Directive, ERUs and CERs may be issued only if an equal number of allowances is cancelled by the operator of that installation.

▼M1

4. Until 31 December 2012, for JI and CDM project activities which reduce or limit indirectly the emission level of installations falling within the scope of this Directive, ERUs and CERs may be issued only if an equal number of allowances is cancelled from the national registry of the Member State of the ERUs' or CERs' origin.

5. A Member State that authorises private or public entities to participate in project activities shall remain responsible for the fulfilment of its obligations under the UNFCCC and the Kyoto Protocol and shall ensure that such participation is consistent with the relevant guidelines, modalities and procedures adopted pursuant to the UNFCCC or the Kyoto Protocol.

6. In the case of hydroelectric power production project activities with a generating capacity exceeding 20 MW, Member States shall, when approving such project activities, ensure that relevant international criteria and guidelines, including those contained in the World Commission on Dams November 2000 Report 'Dams and Development — A New Framework for Decision-Making', will be respected during the development of such project activities.

▼M9

————

▼B

Article 12

Transfer, surrender and cancellation of allowances

1. Member States shall ensure that allowances can be transferred between:

(a) persons within the ►M9 Aontas ◄;

(b) persons within the ►M9 Aontas ◄ and persons in third countries, where such allowances are recognised in accordance with the procedure referred to in Article 25 without restrictions other than those contained in, or adopted pursuant to, this Directive.

▼M4

1a. The Commission shall, by 31 December 2010, examine whether the market for emissions allowances is sufficiently protected from insider dealing or market manipulation and, if appropriate, shall bring forward proposals to ensure such protection. The relevant provisions of Directive 2003/6/EC of the European Parliament and of the Council of 28 January 2003 on insider dealing and market manipulation (market abuse) (1) may be used with any appropriate adjustments needed to apply them to trade in commodities.

(1) OJ L 96, 12.4.2003, p. 16.

▼M15

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-aithneofar na lamháltais arna n-eisiúint ag údarás inniúil Bhallstáit eile chun oibleagáidí oibreora, oibreora aerárthaigh nó cuideachta loingseoireachta faoi mhír 3 a chomhlíonadh.

---

3. Áiritheoidh na Ballstáit, na Ballstáit riaracháin agus na húdaráis riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta, faoin 30 Meán Fómhair gach bliain ar a dhéanaí, na rudaí seo a leanas:

(a) go dtabharfaidh oibreoir gach suiteála méid áirithe lamháltas suas, atá cothrom leis na hastaíochtaí iomlána ón tsuiteáil sin le linn na bliana féilire roimhe sin mar a fhíoraítear i gcomhréir le hAirteagal 15;

(b) go dtabharfaidh oibreoir aerárthaigh méid áirithe lamháltas suas, atá cothrom lena astaíochtaí iomlána le linn na bliana féilire roimhe sin mar a fhíoraítear i gcomhréir le hAirteagal 15;

(c) go dtabharfaidh cuideachta loingseoireachta méid áirithe lamháltas suas, atá cothrom lena hastaíochtaí iomlána le linn na bliana féilire roimhe sin mar a fhíoraítear i gcomhréir le hAirteagal 3ge.

Áiritheoidh na Ballstáit, na Ballstáit riaracháin agus na húdaráis riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta, go ndéanfar lamháltais a thabharfar suas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a chur ar ceal ina dhiaidh sin.

3-e. De mhaolú ar mhír 3, an chéad fhomhír, pointe (c), féadfaidh cuideachtaí loingseoireachta 5 % níos lú lamháltas a thabhairt suas ná a n-astaíochtaí fíoraithe a scaoilfear go dtí an 31 Nollaig 2030 ó longa aicme oighir, ar choinníoll go bhfuil aicme oighir IA nó IA Super nó aicme oighir choibhéiseach ag longa den sórt sin, atá bunaithe ar Mholadh HELCOM 25/7.

I gcás ina dtabharfar suas níos lú lamháltas i gcomparáid leis na hastaíochtaí fíoraithe, a luaithe a dhéanfar an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe agus na lamháltais a thugtar suas i leith gach bliana a shuí, cuirfear an méid lamháltas lena gcomhfhreagraítear don difríocht sin ar ceal seachas ar ceant de bhun Airteagal 10.

3-d. De mhaolú ar mhír 3, an chéad fhomhír, pointe (c), den Airteagal seo agus d’Airteagal 16, déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát, a fhoráil trí bhíthin gníomh cur chun feidhme go bhfuil na Ballstáit le meas go bhfuil na ceanglais a leagtar amach sna forálacha sin comhlíonta agus níl siad le haon ghníomh a dhéanamh i gcoinne cuideachtaí loingseoireachta i leith astaíochtaí a scaoilfear go dtí an 31 Nollaig 2030 ó mhuiraistir a dhéanann longa paisinéirí, seachas longa cúrsála, ná a dhéanann longa ro-pax, idir calafort oileáin atá faoi dhlínse an Bhallstáit iarrthaigh sin, nach bhfuil aon nasc bóthair ná iarnróid aige leis an mórthír agus ar lú a dhaonra ná 200 000 buanchónaitheoir de réir na sonraí is fearr agus is déanaí atá ar fáil ó 2022, agus calafort atá faoi dhlínse an Bhallstáit chéanna sin, ná ó na gníomhaíochtaí, laistigh de chalafort, ó longa den sórt sin i ndáil le muiraistir den sórt sin.

▼M15

Foilseoidh an Coimisiún liosta de na hoileáin dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus de na calafoirt lena mbaineann agus coimeádfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta.

3-c. De mhaolú ar mhír 3, an chéad fhomhír, pointe (c), den Airteagal seo agus d'Airteagal 16, déanfaidh an Coimisiún, ar iarraidh chomhpháirteach ó dhá Bhallstát, ceann díobh nach bhfuil teorainn talún le Ballstát eile aige agus arb é an Ballstát eile an Ballstát is gaire go geografach don Bhallstát nach bhfuil teorainn talún den sórt sin aige, a fhoráil trí bhíthin gníomh cur chun feidhme go bhfuil na Ballstáit le meas go bhfuil na ceanglais a leagtar amach sna forálacha sin comhlíonta agus níl siad le haon ghníomh a dhéanamh i gcoinne cuideachtaí loingseoireachta i leith astaíochtaí a scaoilfear go dtí an 31 Nollaig 2030, ó mhuiraistir a dhéanann longa paisinéirí ná longa ro-pax faoi chuimsiú conradh seirbhíse poiblí trasnáisiúnta ná oibleagáid seirbhíse poiblí trasnáisiúnta, a leagtar amach san iarraidh chomhpháirteach, lena nasctar an dá Bhallstát, ná ó na gníomhaíochtaí, laistigh de chalafort, ó longa den sórt sin i ndáil le muiraistir den sórt sin.

3-b. Ní thiocfaidh oibleagáid maidir le lamháltais a thabhairt suas chun cinn i leith astaíochtaí a scaoilfear go dtí an 31 Nollaig 2030 ó mhuiraistir idir calafort atá lonnaithe i réigiún forimeallach Ballstáit agus calafort atá lonnaithe sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear muiraistir idir calafoirt laistigh de réigiún is forimeallaí agus muiraistir idir calafoirt sna réigiún is forimeallaí den Bhallstát céanna, ná ó na gníomhaíochtaí, laistigh de chalafort, ó longa den sórt sin i ndáil le muiraistir den sórt sin.

3-a. I gcás inar gá agus chomh fada agus is gá, chun sláine comhshaoil CTA AE a chosaint, beidh toirmeasc ar oibreoirí, oibreoirí aerárthaigh agus ar chuideachtaí loingseoireachta in CTA AE ó lamháltais a úsáid arna n-eisiúint ag Ballstát ar ina leith atá oibleagáidí ag dul i léig i gcás oibreoirí, oibreoirí aerárthaigh, agus cuideachtaí loingseoireachta. Cuimseofar sna ghníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19(3) na bearta riachtanacha sna cásanna dá dtagraítear sa mhír seo.

▼M4

3a. An obligation to surrender allowances shall not arise in respect of emissions verified as captured and transported for permanent storage to a facility for which a permit is in force in accordance with Directive 2009/31/EC of the European Parliament and of the Council of 23 April 2009 on the geological storage of carbon dioxide ([1]).

▼M15

3b. Ní thiocfaidh oibleagáid chun cinn i dtaobh lamháltais a thabhairt suas i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheastar a bheith gafa agus úsáidte sa chaoi is go bhfuil siad ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar faoin ngnáthúsáid a bhaintear astu, lena n-áirítear aon ghnáthghníomhaíocht a dhéanfar tar éis dheireadh ré an táirge.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir leis na ceanglais chun a mheas go bhfuil gáis ceaptha teasa ceangailte go ceimiceach go buan dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

([1]) OJ L 140, 5.6.2009, p. 114.

▼M15

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear na lamháltais ar ceal ag aon tráth arna iarraidh sin don duine a bhfuil siad ina seilbh aige. I gcás ina ndúntar toilleadh giniúna leictreachais ina gcríoch féin i ngeall ar bhearta náisiúnta eile, féadfaidh Ballstáit lamháltais a chealú, agus moltar go láidir dóibh déanamh amhlaidh, ó chainníocht iomlán na lamháltas a bheidh le cur ar ceant acu dá dtagraítear in Airteagal 10(2) suas go méid a chomhfhreagraíonn do mheán-astaíochtaí fíoraithe na suiteála lena mbaineann thar thréimhse 5 bliana roimh an dúnadh. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin gcealú atá beartaithe, nó faoi na cúiseanna nach ndéantar cealú, i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 10(4).

▼M4

5. Paragraphs 1 and 2 apply without prejudice to Article 10c.

▼M14

6. I gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo, ríomhfaidh na Ballstáit na ceanglais fritháirimh gach bliain don bhliain féilire roimhe sin i leith eitiltí go dtí Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3), amach as Stáit den sórt sin agus idir Stáit den sórt sin, agus i leith eitiltí idir an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3), agus faoin 30 Samhain gach bliain, cuirfidh siad na hoibreoirí aerárthaí ar an eolas.

I gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo, ríomhfaidh na Ballstáit freisin na ceanglais fritháirimh iomlána deiridh a bhaineann le tréimhse chomhlíontachta CORSIA ar leith agus, faoin 30 Samhain den bhliain tar éis na bliana deiridh den tréimhse chomhlíontachta CORSIA ábhartha, cuirfidh siad na hoibreoirí aerárthaí a chomhlíonann na coinníollacha na ceanglais a leagtar amach sa tríú fomhír den mhír seo ar an eolas.

Cuirfidh na Ballstáit oibreoirí aerárthaí a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas ar an eolas faoi leibhéal an fhritháirimh:

(a) tá deimhniú aeroibreora a d'eisigh Ballstát ag na hoibreoirí aerárthaí nó tá siad cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, na spleáchríocha agus na críocha den Bhallstát sin; agus

(b) scaoileann siad astaíochtaí bliantúla CO_2 atá níos mó ná 10 000 tona, ar astaíochtaí iad a thagann ó úsáid eitleán a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh níos mó ná 5 700 kg acu agus atá ag tabhairt faoi eitiltí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I, seachas iad sin a thuirlingíonn sa Bhallstát céanna ónar imigh siad, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí den Bhallstát céanna, ón 1 Eanáir 2021.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), ní chuirfear astaíochtaí CO_2 ó na cineálacha eitiltí seo a leanas san áireamh:

▼M14

(i) eitiltí Stáit;

(ii) eitiltí daonnúla;

(iii) eitiltí leighis;

(iv) eitiltí míleata;

(v) eitiltí comhraic dóiteáin;

(vi) eitiltí arna ndéanamh roimh eitilt dhaonnúil, eitilt leighis nó eitilt comhraic dóiteáin nó ina ndiaidh, ar choinníoll go ndearnadh eitiltí den sórt sin leis an aerárthach céanna agus go raibh orthu na gníomhaíochtaí gaolmhara daonnúla, leighis nó comhraic dóiteáin a chur i gcrích nó an t-aerárthach a chur i suíomh eile tar éis na ngníomhaíochtaí sin dá chéad ghníomhaíocht eile.

▼M12

7. Fad agus atáthar ag fanacht ar ghníomh reachtach lena leasaítear an Treoir seo a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc laghdaithe astaíochtaí an Aontais ar fud an gheilleagair agus lena gcuirtear beart domhanda margadhbhunaithe chun feidhme go hiomchuí, agus i gcás nach bhfuil an tréimhse chun gníomh reachtach den sórt sin a thrasuí imithe in éag faoin 30 Samhain 2023, agus go bhfuil an Fachtóir Fáis Earnála (FFE) le haghaidh 2022, atá le foilsiú ag ICAO, cothrom le nialas, tabharfaidh na Ballstáit, faoin 30 Samhain 2023, fógra d'oibreoirí aerárthaí go bhfuil, i ndáil leis an mbliain 2022, a gceanglais fritháirithe de réir bhrí mhír 3.2.1 de SARPanna CORSIA de chuid ICAO cothrom le nialas.

▼M14

8. Maidir le ríomh na gceanglas fritháirimh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo chun críocha CORSIA, déanfar an ríomh sin i gcomhréir le modheolaíocht atá le sainiú ag an gCoimisiún i ndáil le heitiltí chuig Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3), amach as Stáit den sórt sin agus idir Stáit den sórt sin, agus i ndáil le heitiltí idir an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus na Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3).

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear an mhodheolaíocht chun na ceanglais fritháirimh a ríomh d'oibreoirí aerárthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Go háirithe, tabharfar mionsonraí breise sna gníomhartha cur chun feidhme sin maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a eascraíonn as forálacha ábhartha na Treorach seo, go háirithe Airteagail 3c, 11a, 12 agus 25a, agus, a mhéid is féidir i bhfianaise fhorálacha ábhartha na Treorach seo, as na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta maidir le Cosaint an Chomhshaoil le haghaidh CORSIA (SARPanna CORSIA).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2). Déanfar an chéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin 30 Meitheamh 2024.

▼M14

9. Maidir le hoibreoirí aerárthaí a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d'eisigh Ballstát nó atá cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, na spleáchríocha agus na críocha den Bhallstát sin, ní chealóidh siad na haonaid dá dtagraítear in Airteagal 11a ach amháin i leith na cainníochta ar thug an Ballstát sin fógra ina leith, i gcomhréir le mír 6, i dtaca leis an tréimhse chomhlíontachta CORSIA ábhartha. Déanfar an cealú faoin 31 Eanáir 2025 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse 2021 go 2023 agus faoin 31 Eanáir 2028 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse 2024 go 2026.

▼M9

Airteagal 13

Bailíocht na lamháltas

Beidh lamháltais a eisítear ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh bailí thar thréimhse éiginnte. Cuirfear san áireamh i lamháltais a eiseofar ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh táscaire lena léirítear cé acu an tréimhse 10 mbliana dar tús an 1 Eanáir 2021 inar eisíodh iad, agus beidh siad bailí d'astaíochtaí ón gcéad bhliain den tréimhse ar aghaidh.

▼M4

Article 14

Monitoring and reporting of emissions

▼M9

1. ►M15 Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis na socruithe mionsonraithe chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus, i gcás inarb ábhartha, ar shonraí gníomhaíochta, ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 ar aerbhealaí a ndéantar astaíochtaí a thuairisciú ina leith faoin Treoir seo, a bheidh bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo agus ar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 5 den Airteagal seo. Sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin freisin acmhainneacht téite domhanda gach gáis cheaptha teasa agus cuirfear san áireamh iontu eolas eolaíoch atá cothrom le dáta maidir le héifeachtaí astaíochtaí eitlíochta neamh-CO_2 sna ceanglais maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na hastaíochtaí sin agus ar a n-éifeachtaí, lena n-áirítear éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2. Déanfar foráil leis na gníomhartha cur chun feidhme sin do chur i bhfeidhm na critéir inbhuanaitheachta agus coigiltis astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid bhithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001, le haon choigeartú is gá lena gcur i bhfeidhm faoin Treoir seo, chun go mbeidh bithmhais den sórt sin nialas-rátaithe. Sonrófar iontu an chaoi le haghaidh stóráil astaíochtaí ó mheascán d'fhoinsí atá nialas-rátaithe agus foinsí nach bhfuil nialas-rátaithe a chur san áireamh. Sonrófar iontu freisin conas le hastaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh, lena n-áirithítear go gcuirfear astaíochtaí den sórt sin san áireamh agus go seachnófar an t-áireamh dúbailte. ◄

▼M9

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

▼M4

2. The ►M9 gníomhartha ◄ referred to in paragraph 1 shall take into account the most accurate and up-to-date scientific evidence available, in particular from the IPCC, and may also specify requirements for operators to report on emissions associated with the production of goods produced by energy intensive industries which may be subject to international competition. These ►M9 gníomhartha ◄ may also specify requirements for this information to be verified independently.

Those requirements may include reporting on levels of emissions from electricity generation covered by the ►M9 EU ETS ◄ associated with the production of such goods.

3. Member States shall ensure that each operator of an installation or an aircraft operator monitors and reports the emissions from that installation during each calendar year, or, from 1 January 2010, the aircraft which it operates, to the competent authority after the end of that year in accordance with the ►M9 gníomhartha ◄ referred to in paragraph 1.

4. The ►M9 gníomhartha ◄ referred to in paragraph 1 may include requirements on the use of automated systems and data exchange formats to harmonise communication on the monitoring plan, the annual emission report and the verification activities between the operator, the verifier and competent authorities.

▼M14

5. Tuairisceoidh oibreoirí aerárthaí uair sa bhliain maidir leis na héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a tharlaíonn ón 1 Eanáir 2025. Chun na críche sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun mhír 1 faoin 31 Lúnasa 2024 chun éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a chur san áireamh i gcreat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe. Beidh sa chreat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe sin, ar a laghad, na sonraí atá ar fáil faoi ruthag tríthoiseach an aerárthaigh, agus an bhogthaise chomhthimpeallach agus an teocht chomhthimpeallach chun gur féidir coibhéis CO_2 a tháirgeadh in aghaidh na heitilte. Áiritheoidh an Coimisiún, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, go bhfuil uirlisí ar fáil chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a éascú agus, a mhéid is féidir, a uathoibriú chun aon ualach riaracháin a íoslaghdú.

Ón 1 Eanáir 2025, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann gach oibreoir aerárthaí faireachán ar na héifeachtaí neamh-CO_2 ó gach aerárthach atá á oibriú aige le linn gach bliana féilire agus go ndéanann siad na héifeachtaí sin a thuairisciú don údarás inniúil tar éis dheireadh gach bliana i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1.

▼M14

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar bhonn bliantúil ó 2026, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10(5), maidir leis na torthaí ó chur i bhfeidhm an chreata faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Faoin 31 Nollaig 2027, bunaithe ar na torthaí ó chur i bhfeidhm an chreata faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe le haghaidh éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil agus, i gcás inarb iomchuí agus tar éis dó measúnú tionchair a dhéanamh ar dtús, togra reachtach chun éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a mhaolú trí raon feidhme EU ETS a leathnú chun éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a chur san áireamh ann.

6. Foilseoidh an Coimisiún, ar a laghad, na sonraí bliantúla comhiomlánaithe seo a leanas maidir le hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta arna dtuairisciú do na Ballstáit nó arna dtarchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún [1] agus Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún [2], 3 mhí ar a dhéanaí tar éis an spriocdháta tuairiscithe faoi seach agus ar bhealach sothuigthe:

(a) in aghaidh an phéire aeradróm laistigh de LEE:

(i) na hastaíochtaí ó gach eitilt;

(ii) líon iomlán na n-eitiltí;

(iii) líon iomlán na bpaisinéirí;

(iv) na cineálacha aerárthaí;

(b) in aghaidh an oibreora aerárthaí;

(i) sonraí faoi astaíochtaí ó eitiltí laistigh de LEE, ó eitiltí a imíonn ó LEE, ó eitiltí a thuirlingíonn in LEE agus ó eitiltí idir dhá thríú tír, arna miondealú de réir an phéire Stát, agus sonraí faoi astaíochtaí atá faoi réir na hoibleagáide i dtaca le haonaid astaíochtaí incháilithe CORSIA a chur ar ceal;

(ii) méid na gceanglas fritháirimh, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 12(8);

---

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1).

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).

▼M14

(iii) méid agus cineál na gcreidmheasanna de bhun Airteagal 11a a úsáidtear chun ceanglais fritháirimh an oibreora aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (ii) den phointe seo a chomhlíonadh.

(iv) méid agus cineál na mbreoslaí a úsáidtear a bhfuil fachtóir astaíochta nialasach acu faoin Treoir seo nó a fhágann go bhfuil an t-oibreoir aerárthaí i dteideal lamháltais a fháil de bhun Airteagal 3c(6).

I gcás phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír, in imthosca sonracha ina mbíonn oibreoir aerárthaí ag oibriú i líon an-teoranta péirí aeradróm nó i líon an-teoranta péirí Stát atá faoi réir ceanglais fritháirimh nó i líon an-teoranta péirí Stát nach bhfuil faoi réir ceanglais fritháirimh, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí sin a iarraidh ar an mBallstát riaracháin gan sonraí den sórt sin a fhoilsiú ar leibhéal an oibreora aerárthaí, agus míniú á thabhairt aige ar an bhfáth a gceapann sé go ndéanfadh nochtadh sonraí den sórt sin dochar dá chuid leasanna tráchtála. Bunaithe ar an iarraidh sin, féadfaidh an Ballstát riaracháin a iarraidh ar an gCoimisiún na sonraí sin a fhoilsiú ar leibhéal comhiomlánaithe níos airde. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoin iarraidh.

▼M2

Article 15

▼M4

Verification and accreditation

▼M2

Member States shall ensure that the reports submitted by operators and aircraft operators pursuant to Article 14(3) are verified in accordance with the criteria set out in Annex V and any detailed provisions adopted by the Commission in accordance with this Article, and that the competent authority is informed thereof.

Member States shall ensure that an operator or aircraft operator whose report has not been verified as satisfactory in accordance with the criteria set out in Annex V and any detailed provisions adopted by the Commission in accordance with this Article by 31 March each year for emissions during the preceding year cannot make further transfers of allowances until a report from that operator or aircraft operator has been verified as satisfactory.

▼M9

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le fíorú na dtuarascálacha ar astaíochtaí bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus chun na fíoraitheoirí a chreidiúnú agus a mhaoirsiú. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin maidir le fíorú na dtuarascálacha arna gcur isteach ag oibreoirí aerárthaí de bhun Airteagal 14(3) agus maidir le hiarratais faoi Airteagal 3e agus Airteagal 3f, lena n-áirítear na nósanna imeachta fíorúcháin a bheidh le húsáid ag fíoraitheoirí. Saineoidh sé na coinníollacha maidir le creidiúnú agus maidir le creidiúnú a tharraingt siar, maidir le haitheantas frithpháirteach agus meastóireacht phiaraí ar chomhlachtaí creidiúnúcháin, de réir mar is iomchuí.

▼M9

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

▼M4

Article 15a

Disclosure of information and professional secrecy

Member States and the Commission shall ensure that all decisions and reports relating to the quantity and allocation of allowances and to the monitoring, reporting and verification of emissions are immediately disclosed in an orderly manner ensuring non-discriminatory access.

Information covered by professional secrecy may not be disclosed to any other person or authority except by virtue of the applicable laws, regulations or administrative provisions.

▼B

Article 16

Penalties

1. Member States shall lay down the rules on penalties applicable to infringements of the national provisions adopted pursuant to this Directive and shall take all measures necessary to ensure that such rules are implemented. The penalties provided for must be effective, proportionate and dissuasive. Member States shall notify these provisions to the Commission ►M2 ————— ◄ and shall notify it without delay of any subsequent amendment affecting them.

▼M15

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar ainmneacha na n-oibreoirí, na n-oibreoirí aerárthaigh agus na gcuideachtaí loingseoireachta a dhéanann sárú ar na ceanglais i leith lamháltais leordhóthanacha a thabhairt suas faoin Treoir seo.

▼M2

3. Member States shall ensure that any operator or aircraft operator who does not surrender sufficient allowances by ►M15 30 Meán Fómhair ◄ of each year to cover its emissions during the preceding year shall be held liable for the payment of an excess emissions penalty. The excess emissions penalty shall be EUR 100 for each tonne of carbon dioxide equivalent emitted for which the operator or aircraft operator has not surrendered allowances. Payment of the excess emissions penalty shall not release the operator or aircraft operator from the obligation to surrender an amount of allowances equal to those excess emissions when surrendering allowances in relation to the following calendar year.

▼M15

3a. Cuirfear na pionóis a leagtar amach i mír 3 i bhfeidhm freisin i leith cuideachtaí loingseoireachta.

▼M4

4. The excess emissions penalty relating to allowances issued from 1 January 2013 onwards shall increase in accordance with the European index of consumer prices.

▼M2

5. In the event that an aircraft operator fails to comply with the requirements of this Directive and where other enforcement measures have failed to ensure compliance, its administering Member State may request the Commission to decide on the imposition of an operating ban on the aircraft operator concerned.

6. Any request by an administering Member State under paragraph 5 shall include:

(a) evidence that the aircraft operator has not complied with its obligations under this Directive;

(b) details of the enforcement action which has been taken by that Member State;

(c) a justification for the imposition of an operating ban at ►M9 Aontas ◄ level; and

(d) a recommendation for the scope of an operating ban at ►M9 Aontas ◄ level and any conditions that should be applied.

7. When requests such as those referred to in paragraph 5 are addressed to the Commission, the Commission shall inform the other Member States through their representatives on the Committee referred to in Article 23(1) in accordance with the Committee's Rules of Procedure.

8. The adoption of a decision following a request pursuant to paragraph 5 shall be preceded, when appropriate and practicable, by consultations with the authorities responsible for regulatory oversight of the aircraft operator concerned. Whenever possible, consultations shall be held jointly by the Commission and the Member States.

9. When the Commission is considering whether to adopt a decision following a request pursuant to paragraph 5, it shall disclose to the aircraft operator concerned the essential facts and considerations which form the basis for such decision. The aircraft operator concerned shall be given an opportunity to submit written comments to the Commission within 10 working days from the date of disclosure.

10. At the request of a Member State, the Commission may, in accordance with the ►M9 nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2) ◄, adopt a decision to impose an operating ban on the aircraft operator concerned.

11. Each Member State shall enforce, within its territory, any decisions adopted under paragraph 10. It shall inform the Commission of any measures taken to implement such decisions.

▼**M15**

11a. I gcás cuideachta loingseoireachta a mhainnigh na hoibleagáidí maidir le tabhairt suas a chomhlíonadh ar feadh dhá thréimhse tuairiscithe i ndiaidh a chéile nó níos mó, agus i gcás inar mhainnigh ag bearta forfheidhmiúcháin eile comhlíontadh a áirithiú, féadfaidh údarás inniúil Bhallstát an chalafoirt teacht isteach, tar éis dó an deis a thabhairt don chuideachta loingseoireachta lena mbaineann a barúlacha a thíolacadh, ordú díbeartha a eisiúint, a dtabharfar fógra ina leith don Choimisiún, don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), do na Ballstáit eile agus don Bhratstát lena mbaineann. De thoradh ordú díbeartha den sórt sin a eisiúint, diúltóidh gach Ballstát, cé is moite den Bhallstát a bhfuil a bhratach ar foluain ag an long, cead isteach in aon cheann dá chalafoirt do longa atá faoi fhreagracht na cuideachta loingseoireachta lena mbaineann go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta loingseoireachta a hoibleagáidí tabhairt suas i gcomhréir le hAirteagal 12. I gcás ina bhfuil brat Ballstáit ar foluain ag an long agus ina dtagann sí isteach nó ina bhfaightear í i gcalafort dá chuid, coinneoidh an Ballstát lena mbaineann an long sin, i ndiaidh an deis a thabhairt don chuideachta loingseoireachta lena mbaineann a barúlacha a thíolacadh, go dtí go gcomhlíonfaidh an chuideachta loingseoireachta a hoibleagáidí tabhairt suas.

